

Don Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta:

De réir alt 30 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, tá an Tuarascáil seo don bhliain 2012 á cur i láthair ag an gCoimisinéir Teanga.

Seán Ó Cuirreáin

An Coimisinéir Teanga

Eanáir 2013

## **RÁITEAS MISIN**

“Ag cosaint cearta teanga”

Seirbhís neamhspleách ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gcomhlíonadh ár ndualgas reachtúil le cinntiú go ndéanann an státchóras beart de réir a bhriathair maidir le cearta teanga.

Cothrom na Féinne a chinntiú do chách trí ghearáin maidir le deacrachtaí teacht ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge a láimhseáil ar bhealach atá éifeachtach, gairmiúil agus neamhchlaon.

### **Eolas soiléir, cruinn a chur ar fáil:**

- don phobal maidir le cearta teanga, agus
- do chomhlachtaí poiblí maidir le dualgais teanga.

## **CLÁR**

Réamhrá

Cúlra

Seirbhísí Eolais & Cumarsáide

Feasacht teanga: an Ghaeilge sna cúirteanna

Comhchoiste Oireachtais

Faireachán

Scéimeanna Teanga

Gearáin

Imscrúduithe

Achoimrí ar Imscrúduithe 2012

An Garda Síochána

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Comhairle Baile Inse

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Ollscoil Luimnigh

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Comhairle Contae Chill Dara

Comhairle Contae na Gaillimhe

Comhairle Contae Dhún na nGall

Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath

Banc Ceannais na hÉireann

Cúrsaí Airgeadais

Úsáid Fuinnimh

Foireann agus Sonraí Teagmhála

## **RÉAMHRÁ**

Ní sárbhliain a bhí in 2012 maidir le cur chun cinn na Gaeilge i státchóras na tíre, agus ar scáth aon choiscéim a tugadh chun tosaigh, ba chosúil go raibh péire á dtabhairt ar gcúl.

Thug figiúirí ón Daonáireamh is deireanaí a foilsíodh le linn na bliana 2012 léargas dearfach go maith maidir le húsáid na Gaeilge sa tír. Léirigh na staitisticí go raibh méadú 7% ón Daonáireamh roimhe sin ar líon na ndaoine sa tír a dúirt go raibh Gaeilge acu, méadú 7% ar líon na ndaoine lasmuigh den chóras oideachais a dúirt gur úsáid siad an teanga go laethúil, agus méadú 3% ar líon na ndaoine sa Ghaeltacht a dúirt gur úsáid siad an teanga go laethúil lasmuigh den chóras oideachais.

Claonadh dearfach agus dea-scéala atá sna staitisticí sin. Níl aon amhras orm ach go mbeadh na staitisticí ní ba shláintiúla fós dá mbeadh beart á dhéanamh ag an Stát de réir briathair fad is a bhaineann sé leis an tacaíocht a thugtar don teanga. Tá cuid mhór den phobal i gcoitinne ar son chaomhnú agus chur chun cinn na teanga agus tá sin léirithe go soiléir i dtaighde agus i suirbhéanna éagsúla in imeacht na mblianta. Tá, áfach, dar liom, bearna shuntasach idir mianta an phobail i leith na teanga agus iarracht an státchórais féin i leith na teanga.

### **Scéimeanna teanga**

Cé gur dhaingnigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta naoi gcinn bhreise de scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla le linn na bliana 2012, tháinig méadú níos suntasaí fós ar líon na scéimeanna teanga a bhí imithe “in éag” gan athnuachan a bheith déanta orthu. Agus, arís eile, mhéadaigh an mheántréimhse ama a bhfuil scéimeanna teanga fágtha gan athnuachan.

Tá córas na scéimeanna teanga i gcroílár na reachtaíochta agus braitear ar an gcóras sin le forbairt a dhéanamh ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí.

San iomlán, as na 104 scéim teanga a bhí daingnithe ó thús aimsire le comhlachtaí poiblí, bhí 79 acu sin “in éag” faoi dheireadh na bliana 2012; is ionann sin agus trí scéim as gach ceithre cinn nó 75% ar fad a bheith in éag. Bhí 11 de na scéimeanna teanga sin in éag le tréimhse ama ceithre bliana ar a laghad agus 13 eile acu in éag le breis agus trí bliana. Tá mioneolas faoi na comhlachtaí poiblí a bhfuil a gcuid scéimeanna teanga imithe in éag agus iad sin a bhfuil athnuachan déanta orthu le fáil sa Tuarascáil seo.

Sa bhreis air sin, bhí 39 comhlacht poiblí eile ann a raibh an chéad dréachtscéim iarrtha orthu ach nach raibh siad aontaithe ná daingnithe fós mar scéimeanna ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi dheireadh 2012. I gcás deich gcinn acu sin, bhí breis agus sé bliana imithe ó iarradh orthu an dréachtscéim a ullmhú.

Cé go bhfuil rabhaidh rialta á dtabhairt agam ar an ábhar seo le blianta, is mór é m’imní gur cosúil go bhfuil teipthe tríd is tríd anois ar chóras daingnithe na scéimeanna teanga a bheith curtha ar aon bhonn fóna nó seasmhach.

### **Leasú scéime**

Cuireadh beart suntasach eile i gcrích le linn 2012 a d’fhéadfadh a bheith ina fhasach contúirteach do chóras na scéimeanna teanga: den chéad uair riamh, leasaíodh scéim teanga le

dualgas a bhí daingnithe ansin a chealú ar fad nuair a rinne duine den phobal gearán nach raibh an dualgas sin á chomhlíonadh.

Scéim teanga na Roinne DLí agus Cirt agus Comhionannais a bhí i gceist agus ba dhualgas neafaiseach go maith a bhí daingnithe, gan aon chostas arbh fhiú cainte air a bheith ag baint leis agus a bhí simplí go leor le cur i bhfeidhm: an chuid “Oiriúnach le Breathnú” de lipéid físeán/dioscaí digiteacha ilúsáide de chuid Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann a bheith i bhformáid dhátheangach.

Ba thrua, i bhfianaise shoiléireacht an ghealltanais agus gan aon deacracht dhosháraithe a bheith i gceist lena chomhlíonadh, nár cloíodh go cuí leis an ngealltanais. Bhí an gealltanais seo aitheanta ag an Roinn sin féin mar thosaíocht sa scéim teanga chuí, agus seachas an gealltanais a fheidhmiú, spreag gearán ó dhuine den phobal cealú iomlán an ghealltanais sin i ndeireadh na dála.

Chuir mé in iúl don Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta dá mb’fhasach é seo – gur féidir le comhlacht poiblí, nach maith leis gearán a bheith déanta ina leith nó an toradh a bheadh ar imscrúdú, achainí a dhéanamh ar an Roinn sin an dualgas a bhí daingnithe i scéim teanga a chealú agus go ngéilltear don iarratas sin – gur bhocht an scéal é. Cúlú agus cúngú suntasach a bheadh ann ar na prionsabail a bhaineann le cearta teanga an phobail mar a dhaingnítear iad i scéimeanna teanga agus ba bhuille eile fós é d’inchreidteacht chóras na scéimeanna teanga mar atá siad á bhfeidhmiú faoi stiúir na Roinne.

### **Comhchoiste Oireachtais**

Le linn na bliana 2012, fuair mé cuireadh den chéad uair fianaise a thabhairt don Chomhchoiste Oireachtais um Imscrúduithe, Formhaoirsíú agus Achainíochta i dtaca le tuarascálacha a bhí curtha i láthair Thithe an Oireachtais agam maidir le teip comhlachtaí poiblí áirithe na moltaí a bhí déanta agam de thoradh imscrúduithe a chur i bhfeidhm go cuí agus go críochnúil.

Bhain na tuarascálacha le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Réigiún an Iarthair), le hArd-Mhúsaem na hÉireann, agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí. Fáiltím go mór roimh obair an Chomhchoiste Oireachtais agus is mór an tacaíocht é d’obair na hOifige seo. Feictear domsa gur dúshlán é do cheart chomhaltaí Thithe an Oireachtais reachtaíocht a achtú más féidir le heagraíocht stáit neamhaird a dhéanamh den reachtaíocht sin. Is ceart a lua gur eisceachtaí, tríd is tríd, iad na cásanna inar gá dom tuarascáil speisialta ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus, de ghnáth, bíonn comhoibriú maith ann idir m’Oifig agus formhór na neagraíochtaí stáit. Tagaimid ar réiteach ar fhadhbanna go neamhfhoirmiúil nó, más gá dúinn imscrúdú a dhéanamh, cuirtear na moltaí i bhfeidhm go cuí.

Tuigim go raibh fiosrúchán foirmiúil fós idir lámha ag deireadh na bliana 2012 ag an gComhchoiste Oireachtais um Imscrúduithe, Formhaoirsíú agus Achainíochta i dtaca leis an gcóras faoina dtugtar aitheantas do chumas sa Ghaeilge i gcomórtais um ardú céime sa Státseirbhís, de thoradh na tuarascála ar an ábhar ón Oifig seo, agus gur tugadh cuireadh do cheithre chomhlacht phoiblí fianaise a chur i láthair an Chomhchoiste faoin gceist.

## **Athchóiriú**

Tá an easpa foirne le hinniúlacht in dhá theanga oifigiúla an Stáit ar cheann de na cúiseanna is mó go mbíonn deacrachtaí ag comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí a sholáthar don phobal i nGaeilge chomh maith le Béarla. Le linn na bliana 2012, thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le fios dom go mbeadh na cúraimí i dtaca le hoiliúint agus tástáil cumais i nGaeilge sa Státseirbhís, a bhíodh go nuige seo ar Ghaeleagras, á n-aistriú go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ó thús 2013. Thug mé le fios i dtuarascáil ar imscrúdú a bhain leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur cur amú ama agus cur i gcéill a bheadh ann mura mbeadh de thoradh ar an athrú seo ach go ndaingneofaí arís an córas lochtach céanna a bhfuil fios againn anois, tar éis tréimhse 40 bliain, nach bhfuil ag éirí leis a chinntiú go bhfuil dóthain foirne le Gaeilge ag leibhéal éagsúla ar fud na Státseirbhíse. Mheabhraigh mé freisin go raibh deis stairiúil anois ann dul i ngleic go foirfe leis an gceist.

Thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le fios dom go mbeadh deis san aistriú seirbhíse chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta na cleachtais reatha a athchóiriú agus go raibh a Roinn féin tiomanta do mheicníochtaí a chur ar fáil trínar féidir le ranna teacht ar na scileanna nó iad a fhorbairt chun a gcuid seirbhísí a sheachadadh go dátheangach. Dá dtapófaí an deis sin, agus dá ndéanfaí beart de réir briathair, d'fhéadfaimis a bheith ar thairseach ré nua i soláthar seirbhísí stáit trí Ghaeilge chomh maith le Béarla.

## **Gearáin agus Imscrúduithe**

Le linn na bliana 2012, dhéileáil m' Oifig le 756 cás i dtaca le deacrachtaí nó fadhbanna le seirbhísí stáit á fháil trí Ghaeilge – an bhliain ba mhó ar cuireadh gearáin ón bpobal i láthair na hOifige ó bunaíodh í. B'ionann sin agus méadú 3% ar líon na gcásanna a bhí ann an bhliain roimhe sin. Mar is gnách, ba ó dhaoine aonair sa phobal i gcoitinne, ó ghníomhairí teanga agus ó eagraíochtaí teanga a tháinig na gearáin sin.

Réitíodh formhór mór na gcásanna sin trí idirbheartaíocht neamhfhoirmiúil leis an gcomhlacht poiblí cuí nó trí chomhairle a chur ar an ngearánach. Seoladh 13 cinn d'imscrúduithe foirmiúla le linn na bliana 2012 sa bhreis ar cheithre cinn a bhí fós idir lámha ó dheireadh na bliana roimhe sin. Tugadh chun críche 12 cheann de na himscrúduithe sin, scoireadh de phéire, agus bhí na trí cinn eile fós idir lámha ag deireadh na bliana. Tá achoimre ar na cásanna a bhí i gceist sa chaibidil den Tuarascáil seo dar teideal "Imscrúduithe". Ní théitear i mbun imscrúdú ach amháin nuair atá an chosúlacht ann go bhfuil sárú reachtúil tarlaithe agus nuair a theipeann ar iarracht neamhfhoirmiúil comhréitithe.

## **An Garda Síochána**

Is dócha go measfar go raibh imscrúdú a bhain leis an nGarda Síochána ar an gceann ba shuntasáí a tugadh chun críche le linn 2012. Bhain an cás le fear óg a rinne iarracht a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le Gardaí a stop é le cion tráchta a chur ina leith. Ní miste a lua nár bhain an eachtra le haon timpiste ná le haon líomhaintí faoi thiomáint faoi luas nó faoi thionchar óil.

B'ábhar suntais dom le linn an imscrúdaithe nach raibh Gardaí a raibh a gcuid oideachais faighte acu i gcóras scolaíochta na tíre seo agus nach raibh a gcuid oiliúna mar Ghardaí sa Teampall Mór críochnaithe acu ach le beagán blianta roimhe sin ábalta "Cad is ainm duit?" a fhiafraí ná seoladh tiománaí a lorg trí Ghaeilge ar thaobh an bhóthair. Ní raibh córas foirfe

tacaíochta ar fáil dóibh ar an ócáid lena n-idirbheartaíocht a éascú le duine den phobal a roghnaigh a chuid gnóthaí a dhéanamh leo trí Ghaeilge gan é a ghabháil agus a thionlacan i nglais lámh chuig stáisiún Gardaí, áit ar coinníodh é go dtí go raibh fáil ar Gharda a bhí in ann déileáil leis trí Ghaeilge. Bhí éadoimhneacht na tuisceana i dtaca le cearta an phobail i leith dhá theanga oifigiúla an Stáit ina ábhar spéise dom freisin agus bhí suntas ar leith le tabhairt don dearcadh gur cheart déileáil le duine a roghnódh a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge amháin is gur “náisiúnach ón gcoigríoch” é/í i dtír ina maítear ina bunreacht gurb í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í. Cuireadh úsáid na Gaeilge agus déileáil le náisiúnach eachtrach sa spás céanna go rialta sa dioscúrsa a bhain leis an imscrúdú.

Ábhar sásaimh dom, áfach, tuairisc a fháil a léirigh an dearcadh dearfach ó Choimisinéir agus ó lucht ardbhainistíochta an Gharda Síochána maidir leis na moltaí a rinne mé tar éis an cás a imscrúdú agus ba léir gur mhian leo athrú córais a thabhairt i bhfeidhm le cinntiú nach dtarlóidh a mhacasamhail d’eachtra arís. Tá deimhnithe dom go bhfuil céimeanna fiúntacha á gcur i gcrích i dtaca le feasacht teanga, oiliúint, forbairt cleachtas agus prótacail nua ag eascairt as torthaí an cháis seo.

### **Comharthaí tráchta**

Tá úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta na tíre ar an léiriú is feiceálaí ar pholasaí an Stáit i leith ár dteangacha oifigiúla, Gaeilge agus Béarla. Caithfidh údaráis bóithre na tíre cloí leis na dualgais atá leagtha orthu maidir le húsáid na dteangacha sin ar chomharthaí tráchta faoin *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta*. Is minic m’Oifig ag déileáil le gearáin faoi shárú ar na dualgais sin.

Mar thoradh ar shraith leanúnach gearán ó dhuine a bhí san airdeall ar chomharthaíocht tráchta i mBéarla amháin in Inis, Co. an Chláir, rinne m’Oifig imscrúdú ar leith ar an gcás le linn 2012. Bhí sé i gceist ag an gComhairle Baile fadhb stairiúil le comharthaí a bhí ag teacht salach ar an dualgas reachtúil teanga a réiteach ar bhonn céimnithe, trí chlár pleanáilte, ach de bharr cúngú ar acmhainn airgeadais agus foirne na Comhairle de thoradh na géarchéime sa gheilleagar, bhí cuid mhaith den fhadhb gan réiteach.

Ba shuntasach an rud é go ndearna an Chomhairle iniúchadh dá cuid féin ar líon na gcomharthaí a bhí ag teacht salach ar na dualgais reachtúla teanga agus go bhfuarthas amach i suirbhé ar leath amháin den bhaile go raibh 332 comhartha poiblí a raibh amhras faoina mbailíocht; ar an mbonn sin, d’fhéadfadh suas le 650 comhartha neamhbhailí a bheith in Inis. Is léir sna cásanna seo gur caitheadh acmhainn shuntasach airgeadais stáit a bhí leagtha amach do chomharthaíocht dhátheangach ar chomharthaí i mBéarla amháin, beag beann ar dhualgais reachtúla.

Tá an baol ann nach bhfuil Inis eisceachtúil ar bhealach ar bith ó limistéir eile nár cloíodh go cuí i gcónaí iontu leis an reachtaíocht a bhaineann le comharthaíocht dhátheangach, ach tugann an t-iniúchadh a rinne an Chomhairle Baile léargas ar scála na faidhbe. Ní bheifí ina dhiaidh ar dhuine a mbeadh amhras air in amanna go bhféadfadh sé tarlú i gcásanna ar leith go dtiocfadh le polasaí “áisiúlacht phearsanta” sa réimse seo teacht salach ar an riachtanas géilleadh do dhualgais sheanbhunaithe a bhí daingnithe le hordacháin reachtúla. Éilíonn údaráis áitiúla ar an bpobal a bheith géilliúil don dlí i dtaca le hóc cíosa agus rátaí, táillí bruscair, muirear teaghlaigh nó eile agus mar an gcéanna is gá d’údaráis áitiúla cúram a

dhéanamh dá ngéilliúlacht féin don dlí, ar a n-áirítear rialacháin maidir le comharthaí tráchta dátheangacha.

### **Géilliúlacht**

Le linn 2012, lean m’Oifig le clár mioniniúchtaí ar chomhlachtaí poiblí le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Mar a tharla blianta eile, dírfodh an chuid is mó d’acmhainn faireacháin na hOifige ar iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéimeanna teanga. Ach cruthaíonn an folús atá cruthaithe i ndaingniú scéimeanna teanga nua nó in athnuachan scéimeanna teanga atá imithe in éag deacrachtaí leanúnacha don Oifig. Dírfodh freisin ar iniúchtaí a dhéanamh ar na bealaí inar cuireadh i bhfeidhm moltaí a rinneadh i dtuarascálacha ar imscrúduithe a críochnaíodh roimhe seo. Tá eolas cuimsitheach tugtha faoi iniúchtaí teanga na hOifige seo sa bhliain 2012 sa chaibidil dar teideal “Faireachán” sa Tuarascáil seo.

### **Ócáid cearta teanga**

Le linn 2012, d’eagraigh m’Oifig – i gcomhar le Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Conradh na Gaeilge– ócáid feasachta ar chearta teanga sna cúirteanna trí chomóradh a dhéanamh ar chás Dhúngharuithe Mhám Trasna a tharla 130 bliain ó shin. Bhí Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, ina measc siúd a bhí i láthair ag an ócáid. Eagraíodh an ócáid ar an 15 Nollaig, mar ómós do Mhaolra Seoighe, a cuireadh chun báis go héagórach cothrom an lae sin 130 bliain ó shin. Ciontaíodh é as a bheith páirteach i ndúngharú teaghlaigh i Mám Trasna ar theorainn na Gaillimhe agus Mhaigh Eo sa bhliain 1882: crochadh agus cuireadh é ar láthair Príosún na Gaillimhe san áit a bhfuil Ardeaglais na Gaillimhe anois.

Fear Gaeltachta gan Bhéarla a bhí ann ach ní raibh aon Ghaeilge ag an dlíodóir ná ag na habhcóidí a bhí á chosaint os comhair cúirte i mBaile Átha Cliath. Ní raibh aon Ghaeilge ag an mbreitheamh ná ag baill an ghiúiré agus níor thóg sé ach faoi bhun sé nóiméad orthu teacht ar chinneadh go raibh sé ciontach agus é a dhaoradh chun báis. Rinneadh neamhaird dá fhianaise i nGaeilge, coinníodh siar ón gcúirt fianaise a chabhródh lena chosaint agus thug brathadóirí fianaise bhréige ina aghaidh.

Bhí sé mar aidhm ag an ócáid feasachta a spreagadh faoi chearta reachtúla an phobail anois a rogha teanga oifigiúil a úsáid sna cúirteanna, agus tacú le feachtas atá ar bun sa Bhreatain ag roinnt ball de Thithe na Parlaiminte ansin faoi cheannaireacht na dTiarnaí Alton agus Avebury tabhairt ar údaráis na Breataine anois féachaint athuair ar chás Mhaolra Seoighe agus a fhógairt go raibh iomrall ceartais i gceist agus gur go héagórach a ciontaíodh agus a cuireadh chun báis é.

### **Athbhreithniú ar an Acht**

Tháinig deireadh ar an 31 Eanáir, 2012 le tréimhse comhairliúcháin phoiblí a d’eagraigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i gcomhréir le gealltanas i gclár oibre an Rialtais. Cé is moite de staitisticí a thabhairt faoi pháirtíocht an phobail sa phróiseas sin – go raibh timpeall 1,400 freagra ar shuirbhé maidir le seirbhísí trí Ghaeilge ó chomhlachtaí poiblí chomh maith le 260 aighneacht ó iliomad páirtithe leasmhara – níor fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta fós, faoi dheireadh na bliana 2012, aon eolas ná anailís ar mhianta an phobail mar



a léiríodh iad sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí sin. Tá moltaí cuimsitheacha foilsithe ag m'Oifigse ón mbliain 2011 maidir leis na leasuithe a mheasaimid ba cheart a dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i bhfianaise ár dtaithí ar fheidhmiú na reachtaíochta le blianta anuas.

### **Cónascadh**

Fógraíodh i Samhain na bliana 2011 go raibh cinneadh déanta ag an Rialtas Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman faoi *Phlean Athchóirithe an Rialtais don tSeirbhís Phoiblí*. Fógraíodh athuair i mí na Samhna, 2012 go rachfaí chun cinn leis an gcónascadh sin agus go n-aistreofaí cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla chuig an Ombudsman agus go dtarmligfí ar ais iad chuig an gCoimisinéir Teanga faoi reachtaíocht leasaithe nach raibh foilsithe fós faoi dheireadh na bliana 2012. Dúradh freisin go leanfadh Coimisinéir Teanga, a bheidh ceaptha go reachtúil agus a bheidh lonnaithe sa Ghaeltacht, de chumhachtaí reatha an Choimisinéara Teanga a fheidhmiú go neamhspleách faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

## CÚLRA

Rinne an tUachtarán mé a athcheapadh i mo Choimisinéir Teanga go foirmiúil ar an 23 Feabhra, 2010 ar chomhairle an Rialtais tar éis do Thithe an Oireachtais rún a rith ag moladh an cheapacháin. Fuair an t-athcheapachán sin tacaíocht ó na páirtithe uile sa Dáil agus sa Seanad agus ó chomhaltaí an Chomhchoiste um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Comhionannais, agus Gaeltachta.

Tá cur síos mion ar obair Oifig an Choimisinéara Teanga go dtí seo sna tuarascálacha bliantúla atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige: [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie). Tá fáil ar an suíomh freisin ar na cuntais airgeadais chuí.

Oifig neamhspleách reachtúil í Oifig an Choimisinéara Teanga a bhfuil de chúram uirthi monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 á gcomhlíonadh ag comhlachtaí poiblí an Stáit. Déanann an Oifig gach beart riachtanach chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a ndualgais faoin Acht féin, faoi na Rialacháin faoin Acht agus faoi scéimeanna teanga, sa chás gur ann dóibh.

Fiosraíonn m' Oifig gearáin ón bpobal i gcásanna ina gcreidtear go bhfuil teipthe ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Fiosraíonn an Oifig freisin aon gearán bailí ina líomhnaítear nach bhfuil foráil d' aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge á comhlíonadh.

Cuireann an Oifig comhairle ar fáil don phobal maidir lena gcearta teanga agus comhairle ar chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais teanga faoin Acht. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an Acht a chinntiú go soláthraíonn an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí seirbhísí Gaeilge ar bhonn níos líonmhaire agus ar chaighdeán níos airde in imeacht tréimhse ama.

Bheadh súil go mbeadh de thoradh ar fheidhmiú an Achta go gcruthófaí spás nua don Ghaeilge i gcóras riaracháin phoiblí na tíre. Is léiriú é ar ghné amháin de pholasaí an Stáit i leith na Gaeilge agus is taca é leis na hiarrachtaí eile an teanga a chur chun cinn san oideachas, sa chraoltóireacht, sna healaíona, i saol na Gaeltachta agus i gcúrsaí an tsaoil go ginearálta.

Shínigh an tUachtarán Acht na dTeangacha Oifigiúla ina dhlí ar an 14 Iúil, 2003 agus trí bliana ina dhiaidh sin, ar an 14 Iúil, 2006, tháinig gach foráil den Acht nach raibh tagtha i bhfeidhm le hOrdú Aire roimhe sin i bhfeidhm go hoifigiúil. Chiollaigh sin go raibh bunús reachtúil ón dáta sin ar aghaidh le gach foráil de chuid an Achta.

Shínigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Alt 9) 2008 (I.R. Uimh. 391 de 2008) ar an 1 Deireadh Fómhair, 2008. Ní raibh aon Rialachán déanta faoi dheireadh na bliana 2012 maidir le fógraín ná maidir le fógaírtí beo béil.

Faoi na Rialacháin, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil a gcuid stáiseanóireachta, a gcuid comharthaíochta agus a gcuid fógaírtí taifeadta béil á soláthar i nGaeilge amháin, nó i nGaeilge agus i mBéarla, de réir critéir ar leith atá daingnithe sna Rialacháin.

Rinneadh leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla in alt 62 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011. Ciallaíonn an leasú gur féidir aon Acht den Oireachtas a

fhoilsiú ar an idirlíon in aon teanga oifigiúil amháin sula ndéanfar é a chló agus a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla.

Rinneadh leasú eile in alt 48 den Acht Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011 ar fhoráil d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 872 de 2004 – an tOrdú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta), 2004 – fad is a bhaineann sé leis an logainm ‘An Daingean’. Daingnítear sa leasú sin gurb iad ‘Daingean Uí Chúis’ i nGaeilge agus ‘Dingle’ i mBéarla na hainmneacha oifigiúla anois san áit a raibh ‘An Daingean’ roimhe sin.

Fógraíodh athbhreithniú foirmiúil ar Acht na dTeangacha Oifigiúla mar ghné amháin de chlár oibre an Rialtais nua a tháinig i gcumhacht in 2011. I mí Iúil, 2011, d'fhoilsigh m'Oifig tráchtairacht mar thuirisc speisialta faoi alt 29 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, ar fheidhm phraiticiúil agus ar oibriú fhorálacha an Achta. Ar an 31 Eanáir, 2012 tháinig deireadh le tréimhse chomhairliúcháin phoiblí a d'eagraigh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maidir leis an athbhreithniú. Faoi dheireadh na bliana ní raibh aon eolas nó anailís faoi mhianta an phobail mar a léiríodh iad sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí sin foilsithe ag an Roinn.

Fógraíodh i mí na Samhna, 2012 go rachfaí chun cinn le cinneadh an Rialtais (Samhain, 2011) Oifig an Choimisinéara Teanga a chónascadh le hOifig an Ombudsman faoi *Phlean Athchóirithe an Rialtais don tSeirbhís Phoiblí*. Fógraíodh chomh maith go n-aistrefaí cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla chuig an Ombudsman agus go dtarmilgí iad ar ais chuig an gCoimisinéir Teanga faoi reachtaíocht leasaithe nach raibh foilsithe fós faoi dheireadh na bliana 2012. Leanfaí de cheapachán reachtúil a dhéanamh ar Choimisinéir Teanga a bheadh lonnaithe sa Ghaeltacht, agus a bheadh ag feidhmiú cumhachtaí reatha an Choimisinéara Teanga go neamhspleách faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

## **SEIRBHÍSÍ EOLAIS & CUMARSÁIDE**

Le linn na bliana 2012, lean Oifig an Choimisinéara Teanga le heolas a scaipeadh ar an bpobal agus ar chomhlachtaí poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi obair na hOifige féin.

### **Comhairle do Chomhlachtaí Poiblí**

Ceann d'fheidhmeanna na hOifige seo is ea comhairle nó cúnaimh a sholáthar do chomhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth na reachtaíochta maidir lena ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Le linn na bliana 2012, rinne oifigigh ó chomhlachtaí poiblí teagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga ar 161 ócáid éagsúil le ceisteanna sonracha nó le comhairle a fháil maidir le dualgais teanga faoin Acht. Bhain thart ar 41% de na fiosrúcháin sin leis na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaíocht, i stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil, 22% le ceisteanna maidir le scéimeanna teanga, 14% le ceisteanna maidir le foilsiú doiciméad go dhátheangach de réir alt 10 den Acht, agus 23% le ceisteanna eile i dtaca le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Ar ndóigh, dá mhéad comhairle agus eolas soiléir, cruinn a chuirtear ar fáil do chomhlachtaí poiblí faoina ndualgais faoin Acht, is ea is fearr is féidir a chinntiú go gcloítear le forálacha na reachtaíochta.

### **Suíomh Gréasáin**

Feidhmíonn an suíomh gréasáin [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie) mar fhoinse eolais faoi gach a mbaineann le hOifig an Choimisinéara Teanga agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla. Tá Treoirleabhar d'Acht na dTeangacha Oifigiúla le fáil ar an suíomh gréasáin chun cúnaimh a thabhairt don phobal maidir lena gcearta teanga agus go háirithe chun comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht, agus tá cóip ar an suíomh gréasáin de gach scéim teanga atá aontaithe go dtí seo.

Tá leagan leictreonach den acmhainn oideachais, Cearta Teanga / Language Rights, le fáil ar líne ag [www.coimisineir.ie/scoileanna](http://www.coimisineir.ie/scoileanna). Más mian le duine comhairle a lorg nó gearán a dhéanamh, is féidir foirm ghearáin ar líne a chomhlánú agus a sheoladh go leictreonach chuig an Oifig.

I gcomhréir le clár oibre r-sheirbhísí an rialtais, tá fáil ar an suíomh gréasáin trí [www.gov.ie](http://www.gov.ie) and tá nasc ar fáil anois faoin rogha 'seirbhísí ar líne/gearáin'. Baineann leibhéal inrochtaineachta AA ar a laghad le gach leathanach den suíomh.

### **Na Meáin Chumarsáide**

Le linn na bliana 2012, lean an Coimisinéir Teanga d'agallaimh a dhéanamh leis na meáin chumarsáide le léargas a thabhairt ar obair na hOifige, ar fheidhmiú an Achta agus ar cheisteanna gaolmhara. Glactar buíochas leis na hiriseoirí ar fad a chuir an oiread sin suime in obair na hOifige le linn na bliana agus a chabhraigh le cur chun cinn na hoibre sin trína gcuid tuairisceoireachta i mBéarla agus i nGaeilge.

## **Gradam Ghlór na nGael**

Bronnadh GRADAM Ghlór na nGael, 2011 ar Oifig an Choimisinéara Teanga ag ócáid i dTeach Carton, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Dé Sathairn, an 25 Feabhra, 2012. Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, Aire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a bhronn an gradam ar bhall den fhoireann Deirdre Nic Dhonncha, thar ceann na foirne.

Onóir mhór a bhí ann don Oifig an gradam seo a fháil agus ghlac an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, buíochas le coistí, moltóirí, bord stiúrtha agus foireann Ghlór na nGael as an Oifig a roghnú don ghradam seo.

### **Pictiúr 1 Gradam Ghlór na nGael**

Sa phictiúr ón ócáid bhronnta, tá an Coimisinéir Teanga, **Seán Ó Cuirreáin; Deirdre Nic Dhonncha** ó Oifig an Choimisinéara Teanga; an tAire Stáit **Donnchadh Mac Fhionnlaoich** TD; agus **Pádraig Ó Ciardha**, Cathaoirleach Ghlór na nGael (iar-Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta).

The picture shows An Coimisinéir Teanga, **Seán Ó Cuirreáin; Deirdre Nic Dhonncha**, Office of An Coimisinéir Teanga; Minister of State **Donnchadh Mac Fhionnlaoich** TD; and **Pat Carey**, Chairman of Glór na nGael (former Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs).

### **Duaiseanna an Choimisinéara Teanga**

Tá ceangal ag Oifig an Choimisinéara Teanga leis an gcúrsa céime MA sa Chleachtas Dátheangach in Fiontar in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a mbronnar Bonn Óir an Choimisinéara Teanga ar an gcéimí a fhaigheann na marcanna is airde sa tráchtas iarchéime.

Is ar Laura Ní Mháille a bronnadh Bonn Óir na bliana 2012 dá tráchtas ag ócáid bhronnadh na gcéimeanna in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar an 5 Samhain, 2011. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa MA sa Chleachtas Dátheangach – a bhfuil Stiúrtóir Fhiontar, an Dr Peadar Ó Flatharta, ina cheannas – oiliúint a chur ar fhoireann a bheidh ag obair sna hearnálacha poiblí agus deonacha le seirbhís ardcháilíochta do chustaiméirí a bhainistiú agus a sholáthar go dátheangach, ag freagairt go háirithe do riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tugtar an t-eolas agus an scil is gá dóibhsean atá páirteach lena chinntiú go soláthrófar seirbhís ardcháilíochta dhátheangach don phobal – seirbhís a bheidh ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta.

Bronntar duais bhliantúil chomh maith don aiste taighde is fearr sa scrúdú sochtheangeolaíochta don chéim BA in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh faoi stiúir an Dr John Walsh. In 2012, tháinig beirt chomhbhuaitheoirí sa chéad áit agus socraíodh go mbronnfaí dhá dhuais €500 ar bhonn eisceachtúil i mbliana. Ar Shéan Mac Aoidh agus Stephen Joyce a bronnadh Duaiseanna an Choimisinéara Teanga, 2012.

### **Pictiúr 2 Bronnadh na nDuaiseanna Presentation of prizes**

Bronnadh Bonn Óir na bliana 2012 ar Laura Ní Mháille don chéim MA sa Chleachtas Dátheangach in Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Feictear an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, anseo ag bronnadh na duaise uirthi.

The 2012 Gold Medal was presented to Laura Ní Mháille for the MA degree in Bilingual Practice in Fiontar, Dublin City University. She is seen here being presented with the prize by An Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin.

**Pictiúr 3 Bronnadh na nDuaiseanna Presentation of prizes**

Senan Mac Aoidh, comhbhualiteoir Dhuais an Choimisinéara Teanga, 2012 don chéim BA in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh le feiceáil anseo ag an searmanas bronnta lena sheanmháthair, Eileen Moloney.

Senan Mac Aoidh, joint winner of An Coimisinéir Teanga's prize in 2012 for the BA degree in the National University of Ireland, Galway is pictured at the conferring with his grandmother, Eileen Moloney.

**Pictiúr 4 Bronnadh na nDuaiseanna Presentation of prizes**

Stephen Joyce, comhbhualiteoir Dhuais an Choimisinéara Teanga, 2012 don chéim BA in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, le feiceáil anseo lena athair, Micheál Seoighe.

Stephen Joyce, joint winner of An Coimisinéir Teanga's prize in 2012 for the BA degree in the National University of Ireland, Galway, pictured here with his father, Micheál Seoighe.

## **FEASACHT TEANGA: AN GHAELGE SNA CÚIRTEANNA**

Le linn 2012, bhí Oifig an Choimisinéara Teanga páirteach i dtionscnamh a raibh sé ar cheann amháin de na haidhmeanna aige cur le feasacht teanga an phobail maidir leis an gceart atá ann an Ghaeilge a úsáid in aon chúirt sa tír.

Baineann an ceart seo le gach cúirt, mar shampla an Chúirt Dúiche, an Chúirt Chuarda, an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach, agus binsí fiosraithe. Tá sé de cheart ag duine faoi alt 8 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla an Ghaeilge a úsáid sa chúirt is cuma cén gnó atá aige/aici ansin, mar shampla mar fhinné, mar chosantóir, mar ghearánach, nó mar íospartach. Tá sé de cheart ag duine éisteacht a fháil i nGaeilge os comhair na cúirte agus ní cheadaítear an duine a bheith faoi aon mhíbhuntáiste ná aon chostas breise a bheith i gceist de bharr na rogha teanga sin. Faoi gcúirt atá sé cibé socrú is cuí a dhéanamh d'ateangaireacht ó theanga oifigiúil amháin (Gaeilge/Béarla) go dtí an ceann eile.

Mar léiriú ar thábhacht an chirt sin, d'eagraigh Oifig an Choimisinéara Teanga – i gcomhar le Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Conradh na Gaeilge – ócáid chomórtha i mí na Nollag, 2012 ar chás Dhúnmharuithe Mhám Trasna a tharla 130 bliain roimhe sin, tráth nach raibh aon bhonn reachtúil le cearta i leith na Gaeilge sna cúirteanna.

Bhí Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, ina measc siúd a bhí i láthair ag an ócáid chomórtha. Tugadh chun cuimhne go speisialta ar an ócáid sin Maolra Seoighe, a cuireadh chun báis go héagórach nuair a ciontaíodh é as a bheith páirteach i ndúnmharú teaghlaigh i Mám Trasna ar theorainn na Gaillimhe agus Mhaigh Eo sa bhliain 1882; crochadh agus cuireadh é ar láthair Phríosún na Gaillimhe san áit a bhfuil Ardeaglais na Gaillimhe anois.

Aithnítear go raibh cás Mhaolra Seoighe ar cheann de na léirithe ba shuntasáí agus ba thruamhéalaí dá raibh riamh ann ar shéanadh cearta teanga. Fear Gaeltachta gan Bhéarla a bhí ann ach ní raibh aon Ghaeilge ag an dlíodóir ná ag na habhcóidí a bhí á chosaint os comhair cúirte i mBaile Átha Cliath. Ní raibh aon Ghaeilge ag an mbreitheamh ná ag baill an ghiúiré agus níor thóg sé ach faoi bhun sé nóiméad orthu teacht ar chinneadh go raibh sé ciontach. Rinneadh neamhaird dá fhianaise i nGaeilge, coinníodh siar ón gcúirt fianaise a chabhródh lena chosaint, agus thug brathadóirí fianaise bhréige ina aghaidh.

Sa bhreis ar an aidhm feasacht a spreagadh faoi chearta reachtúla an phobail anois a rogha teanga oifigiúil a úsáid sna cúirteanna, bhí sé i gceist ag an ócáid chomórtha freisin tacú le feachtas atá ar bun sa Bhreatain ag roinnt ball de Thithe na Parlaiminte ansin faoi cheannaireacht na dTiarnaí Alton agus Avebury tabhairt ar údarás na Breataine anois féachaint athuair ar chás Mhaolra Seoighe agus a fhógairt go raibh iomrall ceartais i gceist agus gur go héagórach a ciontaíodh agus a cuireadh chun báis é.

Tar éis Aifreann cuimhneacháin i nGaeilge san Ardeaglais i nGaillimh, leagadh bláthfhleasca ar an áit ar crochadh agus ar cuireadh Maolra Seoighe. Tionóladh siompóisiam i Músaem na Cathrach agus i measc na gcainteoirí ann bhí an staraí, an tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh; an Tiarna David Alton ón mBreatain; agus Johnny Joyce ó Bhaile Átha Cliath – duine de shliocht na Seoigheach a dúnmharaíodh i Mám Trasna agus as ar ciontaíodh Maolra Seoighe. Bhí taispeántais, léitheoireacht as sleachta stairiúla, agus scannán de chuid RTÉ faoi Mhám Trasna mar chuid den ócáid, agus chualathas ann freisin filíocht agus ceol nuachumtha a bhí spreagtha ag an eachtra.

**Pictiúr 5**

Maolra Seoighe, a cuireadh chun báis go héagórach sa bhliain 1882.  
Myles Joyce, who was unjustly executed in 1882.

**Pictiúr 6**

An Tiarna David Alton ag leagan bláthfhleisce ag an áit ar crochadh agus ar cuireadh Maolra Seoighe.

Lord David Alton laying a wreath at the site where Myles Joyce was hanged and buried.

**Pictiúr 7**

Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, agus an Tiarna David Alton ag an ócáid chomórtha.

President Michael D. Higgins and Lord Alton at the commemorative event.



## COMHCHOISTE OIREACHTAIS

Le linn na bliana 2012, tugadh cuireadh don Choimisinéir Teanga den chéad uair fianaise a thabhairt don Chomhchoiste Oireachtais um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha i dtaca le tuarascálacha a bhí curtha i láthair Thithe an Oireachtais maidir le teip comhlachtaí poiblí áirithe na moltaí a bhí déanta aige de thoradh imscrúduithe a chur i bhfeidhm go cuí agus go críochnúil.

Bhain na tuarascálacha le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Réigiún an Iarthair), le hArd-Mhúsaem na hÉireann, agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Ina measc sin a cheistigh an Coimisinéir Teanga faoin ábhar ag cruinniú i dTeach Laighean ar an 2 Bealtaine, 2012, bhí Cathaoirleach an Chomhchoiste, Peadar Tóibín TD, an Seanadóir Trevor Ó Clochartaigh, Gerry Adams TD, Peter Mathews TD, Michael Healy-Rae TD, Aengus Ó Snodaigh TD, Michelle Mulhern TD, agus an Seanadóir Tony Mulcahy.

Tar éis an chruinnithe, d'eisigh an Comhchoiste ráiteas ar an 4 Bealtaine, 2012. Dúirt an Cathaoirleach, Peadar Tóibín TD, *“Tar éis do na Comhaltaí a machnamh a dhéanamh ar argóintí ciallmhara an Uas. Uí Chuirreáin, d’aontaigh siad cuireadh a thabhairt d’Ard-Rúnaithe na Ranna Rialtais iomchuí teacht os comhair an Choiste.”*

Bhí an méid seo le rá aige freisin: *“D’aontaigh Comhaltaí an Choiste tairiscint go dtacódh an Coiste leis na feidhmeanna neamhspleácha atá ag Oifig an Choimisinéara Teanga i gcónaí, agus an Oifig ag gníomhú di chun a chinntiú go gcosnaítear na cearta a bhaineann leis an nGaeilge.”*

Is cosúil gur bheartaigh an Comhchoiste Oireachtais fiosrúchán ar leith a dhéanamh faoin gcóras faoina dtugtar aitheantas do chumas sa Ghaeilge i gcomórtais um ardú céime sa Státseirbhís, de thoradh na tuarascála ón Oifig seo, agus gur tugadh cuireadh do cheithre chomhlacht phoiblí fianaise a chur i láthair an Chomhchoiste ar an ábhar ar an 21 Samhain, 2012. Is iad na comhlachtaí poiblí a bhí i gceist an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Cuireann Oifig an Choimisinéara Teanga fáilte mhór roimh obair an Chomhchoiste Oireachtais agus is mór an tacaíocht é d’obair na hOifige. Feictear don Oifig seo gur dúshlán é do cheart chomhaltaí Thithe an Oireachtais reachtaíocht a achtú más féidir le heagraíocht stáit neamhaird a dhéanamh den reachtaíocht sin. Is ceart a lua, tríd is tríd, gur eisceachtaí iad na cásanna gur gá tuarascálacha speisialta ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus, de ghnáth, bíonn comhoibriú maith idir Oifig an Choimisinéara Teanga agus formhór na n-eagraíochtaí stáit. Tagtar ar réiteach ar fhadhbanna go neamhfhoirmiúil, nó más gá imscrúdú a dhéanamh, cuirtear na moltaí i bhfeidhm go cuí. Mura dtarlaíonn sin, tá fiúntas an-mhór ar fad leis an gComhchoiste Oireachtais le dul i ngleic le cúrsaí.

Bhí an fiosrúchán foirmiúil i dtaca leis an nGaeilge sa Státseirbhís fós idir lámha ag deireadh na bliana 2012 ag an gComhchoiste Oireachtais um Imscrúduithe, Formhaoirsiú agus Achainíocha.

**Pictiúr 8 – Comhchoiste Oireachtais / Oireachtas Joint Committee**

## **FAIREACHÁN**

Tá sé ar cheann d'fheidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga faireachán a dhéanamh ar an mbealach ina gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a ndualgais reachtúla teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Le linn na bliana 2012, d'fhorfheidhmigh an Oifig clár iniúchta chun an leibhéal géilliúlachta d'Acht na dTeangacha Oifigiúla a mheas. De thoradh teorainn na hacmhainne foirne atá ar fáil don Oifig, díródh an chuid is mó den obair faireacháin ar scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina raibh comhlachtaí poiblí ag cur a gcuid scéimeanna teanga i bhfeidhm.

Fearacht blianta eile, leagadh béim ar a chinntiú go raibh comhlachtaí poiblí géilliúil do na moltaí á bhí déanta ag an gCoimisinéir Teanga i dtuarascálacha imscrúduithe. Mar thoradh ar an obair faireacháin seo, leag an Coimisinéir Teanga tuarascálacha speisialta faoi bhráid Thithe an Oireachtais nuair a mheas sé nach raibh comhlachtaí poiblí áirithe ag cur na moltaí a bhí déanta aige i bhfeidhm go cuí.

### **Faireachán ar scéimeanna teanga**

Is trí chóras na scéimeanna teanga a leagtar dualgais ar chomhlachtaí poiblí forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge don phobal, sa bhreis ar fhorálacha ginearálta an Achta. Is é an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a aontaíonn scéimeanna teanga le comhlachtaí poiblí agus níl aon bhaint ag Oifig an Choimisinéara Teanga leis an bpróiseas sin. Is cúram don Oifig, áfach, faireachán a dhéanamh ar an mbealach ina gcuireann comhlachtaí poiblí na scéimeanna teanga i bhfeidhm.

Is é gnáthchleachtas na hOifige léirmheas ginearálta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm scéimeanna teanga i ndiaidh chéadbhliain na scéime. Déantar é seo chun a chinntiú go bhfuil freagracht á glacadh ag an gcomhlacht poiblí as cur i bhfeidhm na scéime agus go bhfuil gníomhaíochtaí tionscanta a thacóidh le dea-thoradh a bhaint amach. Díritear san iniúchadh trí bliain ar fhianaise a bheith ar fáil a léiríonn gur cuireadh forálacha na scéime i bhfeidhm go cuí. Le dhá bhliain anuas, tá an Oifig seo tar éis tabhairt faoi iniúchadh a dhéanamh ar roinnt scéimeanna atá aontaithe ag an Aire le tréimhse sé bliana nó níos faide. I gcásanna áirithe, feictear go mbíonn teorainn le héifeacht na hoibre faireacháin a bhaineann le scéimeanna atá i bhfeidhm le cuid mhaith blianta. Mar sin féin, tá sé tábhachtach teagmháil a choinneáil leis na comhlachtaí poiblí seo ionas go dtuigfidís go seasann na dualgais atá daingnithe i scéim teanga go dtí go n-aontaíonn an tAire scéim teanga nua.

Le linn na bliana 2012, rinne an Oifig monatóireacht ar chur i bhfeidhm 21 scéim teanga. Is mar seo a leanas a comhlíonadh na hiniúchtaí sin:

<b>Cineál scéime</b>	<b>Tréimhse scéim i bhfeidhm</b>	<b>Líon iniúchtaí</b>
<b>An chéad scéim teanga</b>	Bliain amháin	3
	Trí bliana	9
	Seacht mbliana	3
<b>An dara scéim teanga</b>	Bliain amháin	5
	Trí bliana	1

Léirigh an faireachán a rinneadh ar scéimeanna teanga gur beag comhlacht poiblí a n-éiríonn leis gach gealltanais a bhíonn tugtha i scéim teanga a chur i bhfeidhm go cuí laistigh den sprioc ama aontaithe. Os a choinne sin, d'éirigh leis an Oifig seo teacht ar réiteach sásúil le formhór na gcomhlachtaí poiblí maidir le gealltanais nach raibh comhlíonta go cuí tráth an iniúchta. Sa chás nach féidir leis an Oifig seo teacht ar réiteach sásúil, ní bhíonn de rogha againn ach imscrúdú oifigiúil a thionscnamh ar an ábhar.

Tugadh faoi deara gurb é an easpa foirne le Gaeilge an deacracht is mó a bhí ag comhlachtaí poiblí le linn na bliana 2012 chomh fada agus a bhain sé le feidhmiú na ngealltanais a bhí tugtha ina scéimeanna teanga. Is fadhb í seo atá le sonrú ar bhonn níos minice de réir mar atá laghdú ag teacht ar an líon foirne atá fostaithe sa Státseirbhís. Fágann an easpa foirne le Gaeilge go bhfuil sé níos deacra ag saoránaigh teacht ar sheirbhís phearsanta trí Ghaeilge ar chomhchaighdeán leis an tseirbhís a bhíonn ar fáil trí Bhéarla. Tá an méid seo ag tarlú in ainneoin socrúithe a chuireann comhlachtaí poiblí i bhfeidhm chun freastal orthu siúd ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

**Léirmheasanna a rinneadh agus tuairiscí a eisíodh, 2012** \* *Reviews completed and reports issued, 2012*

<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>
Comhairlí Contae & Cathrach Chill Chainnigh	Kilkenny County & City Councils
Údaráis Áitiúla Shligigh	Sligo Local Authorities
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	Dundalk Institute of Technology
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	Church of Ireland College of Education
Údaráis Áitiúla Chontae Mhuineacháin	Monaghan Local Authorities
Údaráis Áitiúla Chontae Chill Dara	Kildare Local Authorities
Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath	County Dublin Vocational Education Committee
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste	Office of the Comptroller & Auditor General
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	National Gallery of Ireland
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí & Clárlann na gCara-Chumann	Companies Registration Office & Registry of Friendly Societies
An Garda Síochána	An Garda Síochána
Foras na Mara	Marine Institute
Oifig an Uachtaráin	Office of the President
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	National University of Ireland, Galway
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Department of Foreign Affairs and Trade
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	Office of the Director of Public Prosecutions
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe	County Galway Vocational Education Committee
Údaráis Áitiúla Dhún na nGall	Donegal Local Authorities
Údaráis Áitiúla Chiarraí	Kerry Local Authorities
Óglaigh na hÉireann	The Defence Forces
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	Office of the Commission for Public Service Appointments

## **Faireachán ar chur i bhfeidhm moltaí imscrúduithe**

Faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá sé de chúram ar an gCoimisinéir Teanga tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas má fheictear dó nach bhfuil comhlacht poiblí ag cur moltaí a rinne sé i dtuarascáil imscrúdaithe i ngníomh, i ndiaidh do thréimhse réasúnach ama a bheith caite. Go dtí seo, tá ceithre thuarascáil speisialta curtha faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag an gCoimisinéir Teanga.

Le linn na bliana 2012, thionscain Oifig an Choimisinéara Teanga athbhreithniú ar ghéilliúlacht comhlachtaí poiblí do chur i bhfeidhm moltaí a bhí déanta i gceithre cinn déag de thuarascálacha imscrúduithe. Bhí aon cheann déag de na hathbhreithnithe sin tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana reatha. Mar thoradh ar ár gcuid fiosrúchán, bhíomar sásta go raibh formhór na gcomhlachtaí poiblí ag tabhairt faoi chur i bhfeidhm na moltaí a bhí déanta sna tuarascálacha imscrúduithe.

Tháinig an Coimisinéir Teanga ar an tuairim, áfach, go raibh dhá chomhlacht phoiblí ann nach raibh ag tabhairt faoi chur i ngníomh mholtaí na n-imscrúduithe go cuí. Is iad na comhlachtaí poiblí a bhí i gceist ná Oifig na nOibreacha Poiblí agus Údarás Áitiúla Chontae na hIarmhí.

## **Oifig na nOibreacha Poiblí**

De réir na Rialachán atá déanta faoi alt 9(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ní mór do chomhlachtaí poiblí cloí le leagan amach áirithe maidir le feiceálacht, inléiteacht, méid cló, eolas agus eile ó thaobh úsáid dhá theanga oifigiúla an Stáit ar a gcuid stáiseanóireachta agus comharthaíochta.

In imscrúdú a rinneadh le linn na bliana 2011, cinneadh nach raibh stáiseanóireacht ná comharthaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí ag cloí le riachtanais na Rialachán de thoradh tús áite a bheith tugtha don leagan Béarla d'ainm an chomhlachta phoiblí.

Cé nár ghlac Oifig na nOibreacha Poiblí leis go raibh sí ag sárú na reachtaíochta, ní dhearna sí aon achomharc chun na hArd-Chúirte, ar phonc dlí, i gcoinne chinneadh an Choimisinéara Teanga.

Mar fhreagra ar an iniúchadh a rinneadh ar chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe, thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios, an athuair, gur mheas sí gur cuid den lógó a bhí in ainm na heagraíochta agus go raibh sé cláraithe mar thrádmharc oifigiúil. Is ar an mbonn sin nach raibh i gceist aici moltaí an imscrúdaithe a chur i bhfeidhm. Bhí an Coimisinéir Teanga tar éis déileáil leis an argóint seo mar chuid den imscrúdú agus ba dheimhin leis nach raibh díolúine ag ainm comhlachta phoiblí ó riachtanais teanga na rialachán.

Thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios go raibh moladh déanta aici, mar chuid den athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, go leasófaí na díolúintí atá ar fáil sna rialacháin chun trádmharc cláraithe a chur san áireamh. Ó tharla go bhfuil sé deimhnithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí nach bhfuil i gceist aici moltaí an imscrúdaithe a chur i bhfeidhm, is beag rogha atá ar fáil don Choimisinéir Teanga ach tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

### **Údaráis Áitiúla na hIarmhí**

Léirigh imscrúdú a tugadh chun críche le linn na bliana 2011 gur sháraigh Comhairle Contae na hIarmhí dualgas reachtúil teanga a d'eascair as scéim teanga na heagraíochta. Chinn an t-imscrúdú nár cuireadh i bhfeidhm go cuí na gealltanais a bhí daingnithe ina scéim teanga maidir le húsáid na Gaeilge ar fhoirmeacha iarratais, ar bhróisiúir agus ar bhileoga eolais agus ar an suíomh gréasáin.

Le linn iniúchadh ar chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe, thug Comhairle Contae na hIarmhí le fios go raibh dul chun cinn á dhéanamh aici chomh fada agus a bhain sé le foirmeacha iarratais a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach. Ba é seasamh na Comhairle, áfach, nach raibh d'acmhainn aici an suíomh gréasáin a chur ar fáil i nGaeilge ach amháin trí úsáid a bhaint as an áis 'Google Translate'. Bhí an Coimisinéir Teanga tar éis a chinneadh cheana féin, sa tuarascáil imscrúdaithe, nach raibh úsáid an chórais seo sásúil mar bhealach leis an ngealltanas a bhí tugtha sa scéim teanga a chomhlíonadh.

Mar thoradh ar an easpa dul chun cinn a bhí déanta i leith chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe, socraíodh nach raibh de rogha reachtúil ann ach tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

## **SCÉIMEANNA TEANGA**

### **Scéimeanna daingnithe**

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta trí chéadscéim teanga le linn na bliana 2012. Chomh maith leis seo, dhaingnigh an tAire an dara scéim teanga le sé chomhlacht phoiblí.

De thoradh athruithe a tháinig ar stádas roinnt comhlachtaí poiblí, tá ceithre scéim teanga ann nach bhfuil feidhm leo a thuilleadh. Le linn na bliana reatha, rinneadh dhá scéim teanga a dhímholadh agus scoireadh dhá comhlacht phoiblí a raibh scéim teanga daingnithe acu leis an Aire.

D'fhág sin go raibh 104 scéim teanga, a chuimsigh móriomlán 190 comhlacht poiblí, daingnithe faoi dheireadh 2012.

### **Scéimeanna in éag**

Bhí 79 de na 104 scéim teanga imithe in éag faoi dheireadh na bliana 2012. In éagmais an dara scéim teanga nó an tríú scéim teanga a bheith aontaithe ag na comhlachtaí poiblí seo, ní raibh aon dualgas orthu treisiú ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal trí Ghaeilge.

### **Dréachtscéimeanna**

Ag deireadh na bliana, bhí 39 céad-dréachtscéim fós le daingniú ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ina theannta seo, bhí iarrtha ag an Aire ar 73 comhlacht poiblí an dara dréachtscéim a ullmhú agus ar sheacht gcomhlacht phoiblí an tríú dréachtscéim a ullmhú. Fágann sé seo go raibh iarrtha ar 119 comhlacht poiblí scéim teanga a ullmhú faoi dheireadh na bliana.



<b>Bliain inar daingníodh an chéad Scéim Teanga</b>		
<b>Bliain</b>	<b>Scéimeanna</b>	<b>Comhlachtaí Poiblí san Áireamh</b>
2004	01	01
2005	22	35
2006	18	36
2007	29	55
2008	15	28
2009	15	26
2010	05	10
2011	0	0
2012	03	03
	<b>108</b>	<b>194</b>
<b>Scéimeanna dímholta</b>	<b>02</b>	<b>02</b>
<b>Scéimeanna as feidhm</b>	<b>02</b>	<b>02</b>
<b>Iomlán</b>	<b>104</b>	<b>190</b>

<b>Year in which first Language Scheme was confirmed</b>		
<b>Year</b>	<b>Schemes</b>	<b>Public Bodies Included</b>
2004	01	01
2005	22	35
2006	18	36
2007	29	55
2008	15	28
2009	15	26
2010	05	10
2011	0	0
2012	03	03
	<b>108</b>	<b>194</b>
<b>Schemes superseded</b>	<b>02</b>	<b>02</b>
<b>Lapsed schemes</b>	<b>02</b>	<b>02</b>
<b>Total</b>	<b>104</b>	<b>190</b>

<b>An chéad dréachtscéim fós le daingniú</b>		
<b>Bliain</b>	<b>Dréacht-scéimeanna</b>	<b>Comhlachtaí Poiblí san Áireamh</b>
2005	16	25
2006	71	129
2007	42	79
2008	30	54
2009	31	43
2010	26	34
2011	28	36
2012	39	49

<b>First draft scheme not yet confirmed</b>		
<b>Year</b>	<b>Draft Schemes</b>	<b>Public Bodies Included</b>
2005	16	25
2006	71	129
2007	42	79
2008	30	54
2009	31	43
2010	26	34
2011	28	36
2012	39	49

<b>An dara dréachtscéim fós le daingniú</b>		
<b>Bliain</b>	<b>Dréacht-scéimeanna</b>	<b>Comhlachtaí Poiblí san Áireamh</b>
2007	20	33
2008	22	35
2009	48	84
2010	54	104
2011	72	139
2012	73	149

<b>Second draft scheme not yet confirmed</b>		
<b>Year</b>	<b>Draft Schemes</b>	<b>Public Bodies Included</b>
2007	20	33
2008	22	35
2009	48	84
2010	54	104
2011	72	139
2012	73	149


<b>An tríú dréachtscéim fós le daingniú</b>		
<b>Bliain</b>	<b>Dréacht-scéimeanna</b>	<b>Comhlachtaí Poiblí san Áireamh</b>
2011	1	1
2012	7	8

<b>Third draft scheme not yet confirmed</b>		
<b>Year</b>	<b>Draft Schemes</b>	<b>Public Bodies Included</b>
2011	1	1
2012	7	8


<b>Léirmheasanna / Iniúchtaí Críochnaithe</b>		
<b>Bliain</b>	<b>Scéimeanna</b>	<b>Comhlachtaí Poiblí san Áireamh</b>
2006	09	16
2007	25	43
2008	42	74
2009	39	73
2010	33	50
2011	29	62
2012	21	34
<b>Iomlán</b>	<b>198</b>	<b>352</b>

<b>Reviews / Audits Completed</b>		
<b>Year</b>	<b>Schemes</b>	<b>Public Bodies Included</b>
2006	09	16
2007	25	43
2008	42	74
2009	39	73
2010	33	50
2011	29	62
2012	21	34
<b>Total</b>	<b>198</b>	<b>352</b>


### Scéimeanna Daingnithe ag an Aire / Schemes Confirmed by the Minister



### Scéimeanna imithe in éag / Schemes expired



**Tréimhse scéimeanna in éag / Period schemes expired**



Scéimeanna daingnithe faoi dheireadh 2012 / Schemes confirmed by the end of 2012

Ainm an Chomhlachta Phoiblí	Name of Public Body	Dáta tosaithe Commencement date of	
		na chéad scéime / first scheme	an dara scéim / second scheme
Oifig an Uachtaráin	<i>Office of the President</i>	28/04/2005	
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	<i>Office of the Commission for Public Service Appointments</i>	30/05/2005	11/05/2009
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	<i>Office of the Director of Public Prosecutions</i>	01/07/2005	20/04/2010
An Chomhairle Ealaíon	<i>The Arts Council</i>	01/07/2005	
Oifig an Ombudsman & Oifig an Choimisinéara Faisnéise	<i>Office of the Ombudsman &amp; Office of the Information Commissioner</i>	01/07/2005	27/11/2012
Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall	<i>County Donegal Vocational Educational Committee</i>	01/07/2005	22/09/2009
Údaráis Áitiúla Chiarraí	<i>Kerry Local Authorities</i>	26/07/2005	26/10/2010
An tSeirbhís Chúirteanna	<i>The Courts Service</i>	31/07/2005	
Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge	<i>Waterford County Local Authorities</i>	01/08/2005	
An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil *	<i>Department of the Environment, Community &amp; Local Government</i>	15/08/2005	20/07/2009
Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe	<i>County Galway Local Authorities</i>	23/08/2005	
Roinn an Taoisigh	<i>Department of the Taoiseach</i>	01/09/2005	21/12/2009
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Limistéar an Iarthair	<i>Health Service Executive, Western Area</i>	01/09/2005	
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	<i>National University of Ireland, Maynooth</i>	19/09/2005	
Institiúid Teicneolaíochta na	<i>Galway-Mayo Institute of</i>	28/09/2005	

Gaillimhe-Maigh Eo	<i>Technology</i>		
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	<i>Office of the Revenue Commissioners</i>	01/10/2005	
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	<i>National University of Ireland, Galway</i>	01/10/2005	23/10/2012
Údaráis Áitiúla Dhún na nGall	<i>Donegal Local Authorities</i>	01/10/2005	01/07/2010
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	<i>Public Appointments Service</i>	03/10/2005	
An Roinn Oideachais & Scileanna	<i>Department of Education &amp; Skills</i>	01/12/2005	
An Roinn Airgeadais	<i>Department of Finance</i>	01/02/2006	
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	<i>Dublin City University</i>	03/04/2006	
Seirbhís Oideachais Chontae Chiarraí	<i>Kerry Education Service</i>	15/05/2006	25/10/2010
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	<i>Department of Agriculture, Food and the Marine</i>	01/06/2006	
Ollscoil Luimnigh	<i>University of Limerick</i>	01/06/2006	29/12/2009
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	<i>Department of Justice and Equality</i>	30/06/2006	
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	<i>Dublin City Council</i>	13/07/2006	
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe	<i>County Galway Vocational Education Committee</i>	01/08/2006	28/06/2010
Óglaigh na hÉireann	<i>The Defence Forces</i>	01/09/2006	22/12/2010
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	<i>Galway City Council</i>	01/09/2006	23/12/2009
Údaráis Áitiúla na Mí	<i>Meath Local Authorities</i>	01/09/2006	
Údaráis Áitiúla Fhine Gall	<i>Fingal Local Authorities</i>	01/10/2006	
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádurtha	<i>Department of Communications, Energy &amp; Natural Resources</i>	02/10/2006	
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	<i>Department of Foreign Affairs and Trade</i>	01/12/2006	
Banc Ceannais na hÉireann	<i>Central Bank of Ireland</i>	01/12/2006	

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	<i>University College Cork</i>	01/12/2006	
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	<i>South Dublin County Council</i>	20/12/2006	30/7/2012
Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo	<i>Mayo Local Authorities</i>	22/12/2006	
Comhairle Contae Liatroma	<i>Leitrim County Council</i>	01/01/2007	
An Roinn Cosanta	<i>Department of Defence</i>	26/02/2007	25/10/2010
Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí	<i>Office of the Data Protection Commissioner</i>	01/04/2007	18/10/2010
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	<i>Property Registration Authority</i>	02/04/2007	
An Foras Riaracháin	<i>Institute of Public Administration</i>	10/04/2007	
Coimisiún Forbartha an Iarthair	<i>Western Development Commission</i>	10/04/2007	
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	<i>Department of Transport, Tourism and Sport</i>	30/04/2007	
Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí	<i>Cork City Vocational Education Committee</i>	30/04/2007	
Oifig na nOibreacha Poiblí	<i>Office of Public Works</i>	08/05/2007	
An Bord um Chúnámh Dlíthiúil	<i>Legal Aid Board</i>	28/05/2007	
An Roinn Coimirce Sóisialaí	<i>Department of Social Protection</i>	01/06/2007	
Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe	<i>Galway City Vocational Education Committee</i>	01/06/2007	
Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann	<i>North Tipperary Local Authorities &amp; County Tipperary Joint Libraries Committee</i>	01/06/2007	
Oifig an Ard-Aighne; Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas; Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	<i>Office of the Attorney General; Office of the Parliamentary Counsel to the Government; Chief State Solicitor's Office</i>	20/06/2007	18/10/2010
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	<i>Dún Laoghaire-Rathdown County Council</i>	01/07/2007	
Údaráis Áitiúla an Chláir	<i>Clare Local Authorities</i>	20/08/2007	



An Bord Pleanála	<i>An Bord Pleanála</i>	01/09/2007	29/08/2011
Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn	<i>Letterkenny Institute of Technology</i>	26/09/2007	20/06/2012
Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath	<i>City of Dublin Vocational Education Committee</i>	01/10/2007	15/11/2010
Údaráis Áitiúla Chorcaí	<i>Cork Local Authorities</i>	01/10/2007	
Comhairle Cathrach Luimnigh	<i>Limerick City Council</i>	01/10/2007	
Údaráis Áitiúla Ros Comáin	<i>Roscommon Local Authorities</i>	01/10/2007	
Údaráis Áitiúla na hIarmhí	<i>Westmeath Local Authorities</i>	01/10/2007	
Comhairle Cathrach Chorcaí	<i>Cork City Council</i>	31/10/2007	
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann	<i>Church of Ireland College of Education</i>	01/11/2007	07/08/2012
An Phríomh-Oifig Staidrimh	<i>Central Statistics Office</i>	05/11/2007	
Údaráis Áitiúla Lú	<i>Louth Local Authorities</i>	20/11/2007	
Teagasc	<i>Teagasc</i>	01/01/2008	
An Foras Áiseanna Saothair (FÁS)	<i>The Training and Employment Authority (FÁS)</i>	02/01/2008	
An Crannchur Náisiúnta	<i>The National Lottery</i>	02/01/2008	20/08/2012
Comhairle Contae Luimnigh	<i>Limerick County Council</i>	01/02/2008	
An Coimisiún Reifrinn	<i>The Referendum Commission</i>	06/03/2008	
Bord Soláthair an Leictreachais	<i>Electricity Supply Board</i>	17/03/2008	
An tÚdarás um Ard-Oideachas	<i>Higher Education Authority</i>	01/06/2008	
Údaráis Áitiúla Chontae Mhuineacháin	<i>Monaghan Local Authorities</i>	01/06/2008	
Comhairle Cathrach Phort Láirge	<i>Waterford City Council</i>	01/06/2008	
Leabharlann Chester Beatty	<i>Chester Beatty Library</i>	15/06/2008	
Údaráis Áitiúla an Longfoirt	<i>Longford Local Authorities</i>	01/07/2008	

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	<i>Citizens Information Board</i>	07/07/2008	
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	<i>Office of the Director of Corporate Enforcement</i>	14/07/2008	
Údaráis Áitiúla Chontae Chill Dara	<i>Kildare Local Authorities</i>	08/09/2008	
Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath	<i>County Dublin Vocational Education Committee</i>	01/10/2008	
Údaráis Áitiúla Cheatharlach	<i>Carlow Local Authorities</i>	01/10/2008	
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste	<i>Office of the Comptroller &amp; Auditor General</i>	19/01/2009	
Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí	<i>County Cork Vocational Education Committee</i>	01/02/2009	
An Binse Comhionannais	<i>The Equality Tribunal</i>	01/02/2009	
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	<i>National Gallery of Ireland</i>	01/03/2009	
Bord Scannán na hÉireann	<i>Irish Film Board</i>	27/04/2009	
An Garda Síochána	<i>An Garda Síochána</i>	28/05/2009	
Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin	<i>Wicklow Local Authorities</i>	25/05/2009	
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí & Clárlann na gCara-Chumann	<i>Companies Registration Office &amp; Registry of Friendly Societies</i>	26/05/2009	
Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir	<i>County Clare Vocational Education Committee</i>	01/07/2009	
Foras na Mara	<i>Marine Institute</i>	06/07/2009	
Údaráis Áitiúla Chontae an Chabháin	<i>Cavan Local Authorities</i>	20/07/2009	
Comhairlí Contae & Cathrach Chill Chainnigh	<i>Kilkenny County &amp; City Councils</i>	10/08/2009	
Údaráis Áitiúla Laoise	<i>Laois Local Authorities</i>	01/12/2009	
An Roinn Sláinte	<i>Department of Health</i>	15/12/2009	
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	<i>Trinity College Dublin</i>	01/01/2010	

Údaráis Áitiúla Loch Garman	<i>Wexford Local Authorities</i>	11/01/2010	
Údaráis Áitiúla Shligigh	<i>Sligo Local Authorities</i>	28/07/2010	
Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí	<i>Institute of Technology, Tralee</i>	18/10/2010	
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan	<i>Dundalk Institute of Technology</i>	18/10/2010	
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta*	<i>Department of Jobs, Enterprise &amp; Innovation</i>	25/10/2010	
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta	<i>Department of Arts, Heritage &amp; the Gaeltacht</i>	01/05/2012	
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath	<i>Dublin Institute of Technology</i>	22/05/2012	
Oifig Thithe an Oireachtais	<i>Office of the Houses of the Oireachtas</i>	31/07/2012	

**\* Ar an 26, Lúnasa 2011, d'iarr an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar na comhlachtaí poiblí seo leasuithe a mholadh ar na scéimeanna teanga atá daingnithe i gcomhréir le halt 16 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.**

**On 26 August 2011, the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht asked these public bodies to propose amendments to the confirmed language schemes in accordance with section 16 of the Official Languages Act 2003.**

**Dréachtscéimeanna le daingniú / Draft Schemes to be confirmed**

**An Chéad Scéim / First Scheme**

<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>	<b>Dáta an Fhógra / Date Notice Issued</b>	<b>Tréimhse ó Dháta an Fhógra (míonna) / Period Elapsed from Date of Notice (months)</b>
Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Theas	South Tipperary Local Authorities	30/07/2006	77
An Ceoláras Náisiúnta	National Concert Hall	21/09/2006	75
Amharclann na Mainistreach (An Chuideachta Amharclann Náisiúnta Teoranta)	Abbey Theatre (National Theatre Society Ltd.)	21/09/2006	75
An tÚdarás Comhionannais	Equality Authority	21/09/2006	75
An Coimisiún um Scrúduithe Stáit	State Examinations Commission	21/09/2006	75
Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta	Institute of Technology, Tallaght	21/09/2006	75
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	National Library of Ireland	27/09/2006	75
Ard-Mhúsaem na hÉireann	National Museum of Ireland	27/09/2006	75
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann	Ordnance Survey Ireland	27/09/2006	75
An Chomhairle Oidhreachta	Heritage Council	27/09/2006	75
Údaráis Áitiúla Uíbh Fhailí	Offaly Local Authorities	10/06/2007	67
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Health Service Executive	10/06/2007	67
An Post	An Post	10/02/2009	47
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	University College Dublin	10/02/2009	47

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí	Institute of Technology, Cork	10/02/2009	47
Institiúid Teicneolaíochta Shligigh	Institute of Technology, Sligo	05/10/2009	39
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain	Institute of Technology, Athlone	05/10/2009	39
Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge	Institute of Technology, Waterford	05/10/2009	39
Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Dara	County Kildare Vocational Education Committee	05/10/2009	39
Coiste Gairmoideachais Chontae Chill Mhantáin	County Wicklow Vocational Education Committee	05/10/2009	39
Coiste Gairmoideachais Chontae na Mí	County Meath Vocational Education Committee	05/10/2009	39
Coiste Gairmoideachais Chontae Mhaigh Eo	County Mayo Vocational Education Committee	05/10/2009	39
Raidió Teilifís Éireann	Raidió Teilifís Éireann	05/10/2009	39
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta	National Roads Authority	05/10/2009	39
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	Department of Public Expenditure and Reform	26/08/2011	16
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Department of Children and Youth Affairs	26/08/2011	16
Grúpa Chóras Iompair Éireann	CIE Group	14/09/2012	3
Údarás Aerfort Chorcaí	Cork Airport Authority	14/09/2012	3
Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	Dublin Airport Authority	14/09/2012	3
Údarás Aerfort na Sionainne	Shannon Airport Authority	14/09/2012	3
An Bord Bia	An Bord Bia	14/09/2012	3
Bord na Móna	Bord na Móna	14/09/2012	3
Bord Gáis Éireann	Bord Gáis Éireann	14/09/2012	3
Bord Iascaigh Mhara	Bord Iascaigh Mhara	14/09/2012	3
Fiontraíocht Éireann	Enterprise Ireland	14/09/2012	3

GFT Éireann	IDA Ireland	14/09/2012	3
Coillte	Coillte	14/09/2012	3
Fáilte Ireland – an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta	Fáilte Ireland – National Tourism Development Authority	14/09/2012	3
Údarás Craolacháin na hÉireann	Broadcasting Authority of Ireland	14/09/2012	3

**Dréachtscéimeanna le daingniú / Draft Schemes to be confirmed**

**An Dara Scéim / Second Scheme**

<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>	<b>Dáta Scéim in Éag* Date Scheme Expires*</b>	<b>Tréimhse (míonna) ón Dáta Éaga / Period (months) from Date Expired</b>
Oifig an Uachtaráin	Office of the President	27/04/2008	56
An Chomhairle Ealaíon	The Arts Council	30/06/2008	54
An tSeirbhís Chúirteanna	The Courts Service	30/07/2008	53
Údaráis Áitiúla Chontae Phort Láirge	County Waterford Local Authorities	31/07/2008	53
Údaráis Áitiúla Chontae na Gaillimhe	County Galway Local Authorities	22/08/2008	52
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad	National University of Ireland, Maynooth	18/09/2008	51
Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo	Galway-Mayo Institute of Technology	27/09/2008	51
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	Office of the Revenue Commissioners	30/09/2008	51
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	Public Appointments Service	02/10/2008	51
An Roinn Oideachais & Scileanna	Department of Education & Skills	30/11/2008	49
An Roinn Airgeadais	Department of Finance	31/01/2009	47
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath	Dublin City University	02/04/2009	45
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	Department of Agriculture, Food and the Marine	31/05/2009	43

An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Department of Justice and Equality	29/06/2009	42
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Dublin City Council	12/07/2009	42
Údaráis Áitiúla na Mí	Meath Local Authorities	31/08/2009	40
Údaráis Áitiúla Fhine Gall	Fingal Local Authorities	30/09/2009	39
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádurtha	Department of Communications, Energy & Natural Resources	01/10/2009	39
Banc Ceannais na hÉireann	Central Bank of Ireland	30/11/2009	37
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	Department of Foreign Affairs and Trade	30/11/2009	37
Ollscoil na hÉireann, Corcaigh	University College Cork	30/11/2009	37
Údaráis Áitiúla Mhaigh Eo	Mayo Local Authorities	21/12/2009	36
Comhairle Contae Liatroma	Leitrim County Council	31/12/2009	36
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	Property Registration Authority	01/04/2010	33
An Foras Riaracháin	Institute of Public Administration	09/04/2010	33
Coimisiún Forbartha an Iarthair	Western Development Commission	09/04/2010	33
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	Department of Transport, Tourism and Sport	29/04/2010	32
Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí	Cork City Vocational Education Committee	29/04/2010	32
Oifig na nOibreacha Poiblí	Office of Public Works	07/05/2010	32
An Bord um Chúnamh Dlíthiúil	Legal Aid Board	27/05/2010	31



An Roinn Coimirce Sóisialaí	Department of Social Protection	31/05/2010	31
Coiste Gairmoideachais Chathair na Gaillimhe	Galway City Vocational Education Committee	31/05/2010	31
Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann	North Tipperary Local Authorities & County Tipperary Joint Libraries Committee	31/05/2010	31
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Dún Laoghaire-Rathdown County Council	30/06/2010	30
Údaráis Áitiúla an Chláir	Clare Local Authorities	19/08/2010	28
Údaráis Áitiúla Chorcaí	Cork Local Authorities	30/09/2010	27
Comhairle Cathrach Luimnigh	Limerick City Council	30/09/2010	27
Údaráis Áitiúla Ros Comáin	Roscommon Local Authorities	30/09/2010	27
Údaráis Áitiúla na hIarmhí	Westmeath Local Authorities	30/09/2010	27
Comhairle Cathrach Chorcaí	Cork City Council	30/10/2010	26
An Phríomh-Oifig Staidrimh	Central Statistics Office	04/11/2010	26
Údaráis Áitiúla Lú	Louth Local Authorities	19/11/2010	25
Teagasc	Teagasc	31/12/2010	24
An Foras Áiseanna Saothair (FÁS)	The Training and Employment Authority (FÁS)	01/01/2011	24
Comhairle Contae Luimnigh	Limerick County Council	31/01/2011	23
An Coimisiún Reifrinn	The Referendum Commission	06/03/2011	22
Bord Soláthair an Leictreachais	Electricity Supply Board	17/03/2011	22

Formatted: Centered

An tÚdarás um Ard-Oideachas	Higher Education Authority	01/06/2011	19
Údaráis Áitiúla Chontae Mhuineacháin	Monaghan Local Authorities	01/06/2011	19
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Waterford City Council	01/06/2011	19
Leabharlann Chester Beatty	Chester Beatty Library	15/06/2011	19
Údaráis Áitiúla an Longfoirt	Longford Local Authorities	01/07/2011	18
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	Citizens Information Board	07/07/2011	18
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach	Office of the Director of Corporate Enforcement	14/07/2011	18
Údaráis Áitiúla Chontae Chill Dara	Kildare Local Authorities	08/09/2011	16
Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath	County Dublin Vocational Education Committee	01/10/2011	15
Údaráis Áitiúla Cheatharlach	Carlow Local Authorities	01/10/2011	15
Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste	Office of the Comptroller & Auditor General	19/01/2012	12
Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí	County Cork Vocational Education Committee	01/02/2012	11
An Binse Comhionannais	The Equality Tribunal	01/02/2012	11
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	National Gallery of Ireland	01/03/2012	10
Bord Scannán na hÉireann	Irish Film Board	27/04/2012	8
An Garda Síochána	An Garda Síochána	28/05/2012	7
Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin	Wicklow Local Authorities	25/05/2012	7
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí & Clárlann na	Companies Registration Office & Registry of	26/05/2012	7

gCara-Chumann	Friendly Societies		
Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir	County Clare Vocational Education Committee	01/07/2012	6
Foras na Mara	Marine Institute	06/07/2012	6
Údaráis Áitiúla Chontae an Chabháin	Cavan Local Authorities	20/07/2012	5
Comhairlí Contae & Cathrach Chill Chainnigh	Kilkenny County & City Councils	10/08/2012	5
Údaráis Áitiúla Laoise	Laois Local Authorities	01/12/2012	1
An Roinn Sláinte	Department of Health	15/12/2012	-
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath	Trinity College Dublin	31/12/2012	-
Údaráis Áitiúla Loch Garman	Wexford Local Authorities	11/01/2013	-

**Dréachtscéimeanna le daingniú / Draft Schemes to be confirmed****An Tríú Scéim / Third Scheme**

<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>	<b>Dáta Scéim in Éag* Date Scheme Expires*</b>	<b>Tréimhse (míonna) ón Dáta Éaga / Period (months) from Date Expired</b>
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	Office of the Commission for Public Service Appointments	11/5/2012	8
An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil	Department of the Environment, Community & Local Government	20/07/2012	5
Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall	County Donegal Vocational Educational Committee	22/09/2012	3
Roinn an Taoisigh	Department of the Taoiseach	21/12/2012	-
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Galway City Council	23/12/2012	-
Ollscoil Luimnigh	University of Limerick	29/12/2012	-
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	Office of the Director of Public Prosecutions	20/04/2013	-

\* Nuair a théann scéim “in éag” (fo-alt 15(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla), fanann forálacha na scéime i bhfeidhm go dtí go ndaingnítear scéim nua (fo-alt 14(3) den Acht).

\* When a scheme “expires” (subsection 15(1) of the Official Languages Act), the scheme’s provisions remain in force until a new scheme has been confirmed (subsection 14(3) of the Act).

**Scéimeanna teanga dímholta / Superseded language schemes**

<b>Bunscém / Original Scheme</b>		<b>Scém dímholta ag: / Scheme Superseded by:</b>	
<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>	<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta	Department of Community, Equality & Gaeltacht Affairs	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht & Gaeltachta	Department of Arts, Heritage & the Gaeltacht
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	Department of Arts, Sport and Tourism		

**Scéimeanna as feidhm / Schemes lapsed**

<b>Ainm an Chomhlachta Phoiblí</b>	<b>Name of Public Body</b>	<b>Cúis / Reason</b>
An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil	Local Government Computer Services Board	An comhlacht poiblí scortha – an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012  Public body dissolved – Local Government (Miscellaneous Provisions) Act 2012
An Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil	Local Government Management Services Board	An comhlacht poiblí scortha – an tAcht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2012  Public body dissolved – Local Government (Miscellaneous Provisions) Act 2012

## GEARÁIN

Tháinig méadú 3% le linn na bliana 2012 ar líon na gcásanna nua – ó 734 sa bhliain 2011 go dtí 756 in 2012 – a cuireadh faoi mo bhráid inar chreid daoine den phobal go raibh cúis ghearáin acu de bharr deacrachta nó faidhbe i dtaca le seirbhís a fháil trí Ghaeilge ón státchóras.

Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, fuarthas comhréiteach ar chuid mhór de na gearáin sin tríd an gcóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán a fheidhmíonn m’Oifig nó trí chomhairle a chur ar fáil do ghearánaithe. Is mór agam an comhoibriú a fuair m’Oifig le déileáil le cásanna ar an mbealach sin. Tá réimse na ngearán fairsing agus ilghnéitheach, agus braitheann an cur chuige atá de dhíth go mór ar dhearcadh an chomhlachta phoiblí lena mbaineann sé. Bíonn comhoibriú maith le fáil go hiondúil ó fhormhór na gcomhlachtaí poiblí. Samplaí de chomhréitigh a aontaíodh le linn na bliana 2012 is ea an dua agus an comhoibriú a léirigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtas Áitiúil agus iad ag cinntiú go raibh leagan Gaeilge d’fhoirmeacha, den suíomh gréasáin agus den chóras íocaíochta ar líne ar fáil i gcás an Mhuirir Teaghlaigh, agus an Post ag cur leagan Gaeilge den chóras íocaíochta ar líne do cheadúnais teilifíse ar fáil. Tá achoimre ar na cásanna nár réitíodh tríd an gcóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán agus inar seoladh imscrúduithe foirmiúla ina leith sa chaibidil den Tuarascáil dar teideal “Imscrúduithe”.

Is ceart a rá nár bhain na gearáin ar fad chun na hOifige le linn na bliana le sárú ar dhualgais reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus mar a bhí amhlaidh blianta eile, gur bhain cuid díobh le deacrachtaí agus fadhbanna níos ginearálta a bhain le gnó a dhéanamh trí Ghaeilge le heagraíochtaí stáit.


Ó thaobh na tíreolaíochta de, is ó Chontae Bhaile Átha Cliath is mó a tháinig na gearáin i mbliana arís, cé go raibh laghdú ar an gcéatadán sin go dtí 38% de na gearáin. Tháinig líon suntasach gearán arís ó Chontae na Gaillimhe (14.5%), Contae Chiarraí (7%), Contae Chill Chainnigh (5%), Contae Dhún na nGall (4%), Contae na Mí (4%), agus Contae Chorcaí (2.5%). Ón nGaeltacht a tháinig 26% de na gearáin – ardú suntasach ón mbliain seo caite – agus tháinig an 74% eile ó cheantair lasmuigh den Ghaeltacht.

## GEARÁIN: DEACRACHTAÍ AGUS FADHBANNA – STAITISTICÍ


### Gearáin le linn 2012

Gearáin nua, 2012	756
Gearáin tugtha ar aghaidh ó 2011	<u>60</u>
<b>Móriomlán na ngearán – fadhbanna agus deacrachtaí</b>	<b>816</b>


	2011	2012
Comhairle tugtha maidir le gearáin	369	391
Gearáin fiosraithe agus críochnaithe	353	365
Gearáin oscailte ag deireadh na bliana	60	74




Céatadán na ngearán de réir cineáil	2011	2012
Foráil de scéim teanga (san áireamh: cártaí aitheantais, suíomhanna gréasáin agus foirmeacha)	25.9%	30.6%
Easpa Gaeilge ar chomharthaíocht & stáiseanóireacht	19.8%	19.3%
Easpa Gaeilge ar chomharthaí bóthair	15.7%	14.6%
Fadhb le hainm agus/nó seoladh i nGaeilge	8.6%	10.4%
Freagraí i mBéarla ar chumarsáid i nGaeilge	7.5%	8.9%
Bileoga nó ciorcláin i mBéarla amháin	3.3%	3.4%
Achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge	7.2%	3.2%
Alt 32/33 – Logainmneacha Gaeltachta	1.5%	1.9%
Eile (cúiseanna aonair)	10.5%	7.7%
<b>IOMLÁN</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>



<b>Gearáin: An Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
An Ghaeltacht	21%	26%
Lasmuigh den Ghaeltacht	79%	74%
<b>IOMLÁN</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>




<b>Gearáin de réir contae</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
Baile Átha Cliath	50%	38%
Gaillimh	12.5%	14.5%
Ciarraí	6.5%	7%
Cill Chainnigh	-	5%
Dún na nGall	4.5%	4%
An Mhí	-	4%
Corcaigh	4.0%	2.5%
Eile	17.0%	25%
<b>IOMLÁN</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>





<b>Gearáin de réir cineál comhlachta poiblí</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
Ranna & oifigí rialtais	16.5%	20.3%
Údaráis áitiúla	39.5%	42.2%
Údaráis sláinte	5.0%	3.6%
Údaráis oideachais	-	2.5%
Eagraíochtaí eile stáit	39.0%	31.4%
<b>IOMLÁN</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>



### Staitisticí

Mar a léiríonn na staitisticí thuas, i measc na nithe a ndearnadh gearán fúthu, bhain an chuid ba líonmhaire díobh (30.6%) le cur i bhfeidhm gealltanais a thug comhlachtaí poiblí faoi scéimeanna reachtúla teanga a aontaíodh faoi alt 11 den Acht. Bhí íslíú ó 19.8% go dtí 19.3% ar chéatadán na ngearán a bhain le húsáid na Gaeilge ar chomharthaíocht agus ar stáiseanáireacht comhlachtaí poiblí, i gcomhréir leis na Rialacháin faoi fho-alt 9(1) den Acht. Bhí íslíú ar chéatadán na ngearán a bhain le sárú ar fhorálacha d’achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge, ó 7.2% go 3.2%. Ar ndóigh, baineann na gearáin maidir le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta leis an réimse seo chomh maith, ach léirítear an figiúr sin go hiondúil mar fhiigiúr neamhspleách: 14.6% de na gearáin a bhain le húsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta – titim bheag ar líon na bliana seo caite. Sa *Lámhleabhar do Chomharthaí Tráchta* a leagtar síos na dualgais atá ar na húdaráis bóithre i leith úsáid na Gaeilge ar chomharthaí tráchta.

Bhí ardú, go dtí 10.4%, in 2012 ar chéatadán na ngearán maidir le deacrachtaí a bhain le hainm agus seoladh i nGaeilge. Bhain siad sin le hainmneacha agus seoltaí a bheith litrithe go míchruinn i nGaeilge, nó litrithe i mBéarla, nó le córas ríomhaireachta gan a bheith in oiriúint don síneadh fada. Tháinig ardú ar chéatadán na ngearán i dtaca le freagraí i mBéarla ar chomhfhreagras i nGaeilge, ó 7.5% in 2011 go dtí 8.9% in 2012. Bhí méid áirithe gearán ann chomh maith a bhain le bileoga nó ciorcláin i mBéarla amháin (3.4%) agus le logainmneacha Gaeltachta (1.9%).

## IMSCRÚDUITHE

Is é atá i gceist le himscrúdú ná fiosrúchán oifigiúil a sheoltar ar bhonn foirmiúil reachtúil de réir na bhforálacha atá in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá an t-údarás agus na cumhachtaí cuí chuige seo tugtha dom mar Choimisinéir Teanga faoin Acht; baineann sé seo le cásanna inar dóigh liom gur theip ar chomhlachtaí poiblí a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht, agus baineann sé fosta le haon fhoráil d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.

Is féidir imscrúdú a dhéanamh a bheadh bunaithe ar ghearán ó aon duine, ar iarratas ón Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, nó ar mo thionscnamh féin.

Is próiseas foirmiúil é an córas imscrúdaithe a thógann cuid mhaith ama agus acmhainní ar an gcomhlacht poiblí a bhíonn i gceist agus ar m'Oifig. Dá bhrí sin, is iondúil go ndéantar iarracht an gearán a réiteach ar dtús trí chóras neamhfoirmiúil réitithe gearán na hOifige.

Tá dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus ar dhaoine ar leith ar oifigigh de chuid comhlachtaí poiblí iad comhoibriú leis an imscrúdú agus faisnéis nó taifid dá gcuid a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe a thabhairt dom. Is iondúil go n-iarrtar tuairisc i scríbhinn maidir leis an ábhar ar an gcomhlacht poiblí chomh maith. Má iarraim ar aon duine ar leith teacht i mo láthair le faisnéis ó bhéal a thabhairt, tá an duine sin i dteideal na ndíolúintí agus na bpríhléidí céanna is a bheadh ag finn é os comhair na hArd-Chúirte.

Déantar foráil san Acht d'fhíneáil nach mó ná €2,000 agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí a ghearradh ar dhuine a chiontófaí i gcúirt as diúltú comhoibriú le himscrúdú, as loiceadh ina d(h)ualgas comhoibriú le himscrúdú nó as bac a chur le hobair imscrúdaithe.

Is féidir imscrúdú a sheoladh i gcásanna ina líomhnaítear gur theip ar chomhlacht poiblí a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh i dtaca le:

- Forálacha díreacha an Achta;
- Rialacháin atá déanta faoin Acht;
- Scéim teanga atá daingnithe faoin Acht;
- Aon fhoráil d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.

Ciallaíonn “achtachán” reacht nó ionstraim arna déanamh faoi chumhacht a thugtar le reacht.

Tá dualgas reachtúil orm faoin Acht tuarascáil a eisiúint chuig na páirtithe cuí i gcás ina seolaim imscrúdú. Bíonn mo chinneadh i leith an ghearáin agus na moltaí cuí sa tuarascáil sin. Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh laistigh de cheithre seachtaine.

Seoladh 13 imscrúdú nua le linn 2012. Bhí ceithre imscrúdú neamhchríochnaithe ann a tugadh ar aghaidh ó 2011. Mar sin, bhí 17 n-imscrúdú idir lámha le linn na bliana 2012 agus

críochnaíodh ar fad iad cé is moite de thrí cinn, faoi dheireadh na bliana. Dá bhrí sin, tá achoimre ar 14 imscrúdú sa Tuarascáil seo.

<b>Líon na nImscrúduithe</b>	<b>2011</b>	<b>2012</b>
Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe	1	4
Imscrúduithe seolta	<u>15</u>	<u>13</u>
<b>Iomlán idir lámha</b>	<b>16</b>	<b>17</b>
Tugtha ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile	<u>4</u>	<u>3</u>
<b>Iomlán críochnaithe / scortha</b>	<b>12</b>	<b>14</b>

Is ceart a thuiscint go soiléir nach bhfuil sna hachoirí seo ar na himscrúduithe ach cuntais ghairide ar chásanna a bhí, in amanna, casta agus teicniúil agus a bhí bunaithe go minic ar argóintí dlíthiúla agus praiticiúla. Achoimrí atá iontu ar na tuarascálacha oifigiúla a eisíodh i nGaeilge de réir alt 26 den Acht chuig na páirtithe cuí de thoradh na n-imscrúduithe.

Is sna tuarascálacha oifigiúla sin, agus iontu sin amháin, atá na tuairiscí údarásacha ar na himscrúduithe.

## An Garda Síochána

Léirigh imscrúdú gur sháraigh an Garda Síochána an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, fad is a bhain sé le fo-alt 1.3 de scéim teanga an Gharda Síochána, nuair a gabhadh an gearánach sa chás seo i nDún Droma, Baile Átha Cliath ar an 11 Feabhra, 2011, faoi alt 107 de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-2011. Theip ar an nGarda Síochána mar eagraíocht, ag an bpointe ar gabhadh ar thaobh an bhóthair é, géilleadh don cheart a aithníonn an eagraíocht sin a bheith bronnta ina scéim teanga ar gach saoránach a g(h)nó a dhéanamh i nGaeilge leo.

Rinneadh gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga gur gabhadh fear san éagóir de bharr gur iarr sé ar Gharda a stop é i dtaca le cion tráchta a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Tugadh an fear faoi ghlais lámh go stáisiún Gardaí, áit ar coinníodh é go dtí go raibh ball den Gharda Síochána ar fáil le plé leis i nGaeilge.

Dúirt an gearánach gur fhág *“an t-eispéireas ar fad náirithe agus maslaithe mé, agus dúradh liom roinnt uaireanta nach raibh ceart agam an gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, nár chóir dom sin a dhéanamh, is nach mbeinn gafa murach an Ghaeilge a bheith á labhairt agam. Ghlac sé thart ar uair a chloig (ó ghabhadh go saoradh) ach mhothaigh mé faoi bhagairt faoi bhrú is néirbhíseach i rith an ama. Táim cinnte deimhnitheach de gur gabhadh mé as bheith as labhairt Gaeilge agus as sin amháin. Úsáideadh an leithscéal go raibh me ag diúltiú mo cheadúnas a thabhairt dóibh, rud nach raibh fíor in aon chor. Tá an-díomá, fearg agus buairt orm as ar tharla, an easpa measa agus an sárú a rinneadh ar mo chearta....”*

Mar chuid den imscrúdú, fuarthas freagraí i scríbhinn ó údaráis an Gharda Síochána agus cuireadh agallaimh ar na páirtithe ar fad ina nduine agus ina nduine. B’ábhar iontais don fhoireann imscrúdaithe nach raibh oiread Gaeilge ag ceachtar den dá chomhalta den Garda Síochána a stop an tiománaí ar thaobh an bhóthair le *“Cad is ainm duit?”* nó seoladh an tiománaí a lorg i nGaeilge nó nach raibh fáil ar chóras foirfe le tacú leo an cás a láimhseáil gan an duine a ghabháil agus a thabhairt faoi ghlais lámh chuig stáisiún Gardaí. Dá n-éireodh leo céannacht an tiománaí a dheimhniú trí Ghaeilge, ní ghabhfaí é faoi alt 107 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961. Ba chomhaltaí iad seo den Gharda Síochána a fuair a gcuid oideachais i gcóras scolaíochta na hÉireann agus nach raibh ach beagán blianta i gceist ó d’fhág siad cúrsa traenála an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Tháinig sé chun solais le linn an imscrúdaithe gur cosúil gur ar an mbonn céanna lena ndéileálfáil le *“náisiúnaigh ón gcoigríoch”* a mheas na Gardaí ba cheart déileáil le duine ar mhian leis a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge: tháinig an coincheap sin chun cinn go rialta sa dioscúrsa le linn an imscrúdaithe.

Tá an méid seo a leanas deimhnithe i scéim teanga an Gharda Síochána a tháinig i bhfeidhm ar an 28 Bealtaine, 2009:

*“Aithníonn an Garda Síochána ceart gach saoránaigh a c(h)uid gnó a dhéanamh i nGaeilge agus tá sé tiomanta do chur chun feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina iomláine.”*

Tá sé cinntithe freisin i bhfo-alt 3.10 den scéim teanga go bhfuil teidlíocht dlí ag daoine gafa a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge:

*“Tá teidlíocht dlí ag daoine gafa ar a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.”*

Foráiltear i bhfo-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, i gcás go ndaingneoidh an tAire cuí scéim faoin Acht seo, go rachadh an comhlacht poiblí ar aghaidh leis an scéim a chur i gcrích.

Níor ghlac údaráis an Gharda Síochána leis gur sháraigh an eagraíocht a dhualgas teanga mar atá leagtha amach i bhfo-ailt 1.3 agus 3.10 de Scéim Teanga an Gharda Síochána, 2009-2012, ina bhfreagra chuig an imscrúdú:

*“Is é an Garda Síochána an tseirbhís phóilíneachta do Phoblacht na hÉireann agus is eagraíocht náisiúnta é le foireann de, isteach is amach le, 14,200 Garda agus 2700 foireann sibhialtach agus cuimsíonn sé os cionn 700 stáisiúin an Gharda Síochána mar aon le hoifigí eile ar fud an náisiúin. Tá an t-ádh ar eagraíocht an Gharda Síochána go bhfuil mórán den fhoireann in ann déileáil le baill den phobal trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.*

*Beidh deacrachtaí ag an eagraíocht, ámh, pearsanra leis na scileanna cuí a bheith ar fáil ag gach áit nó comhéadan leis an bpobal agus mar gheall air seo tá chur chuige réasúnaithe ag teastáil chun ár gcuid freagrachtaí faoin Acht a chomhlíonadh agus chun ligint don eagraíocht seirbhís phóilíneachta cáilíochta a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla.*

*Rinne an Garda Síochána iarracht an Ghaeilge a chothú trí pholasaithe inmheánacha éagsúla thar na blianta fiú roimh theacht an Achta. Cuireann an Garda Síochána grinnchlár oiliúna Gaeilge ar fáil chuige seo a chaithfidh gach pearsanra a chríochnú go rathúil sula mbeidh siad dearbhaithe isteach san eagraíocht. Bíonn 41 uair a chloig teagasc i gceist i Mír I dá gcuid oiliúna agus a thuilleadh 22 uair a chloig teagasc i Mír III dá gcuid oiliúna.”*

Thug údaráis an Gharda Síochána le fios freisin go raibh liosta cuimsitheach de chainteoirí líofa Gaeilge laistigh den eagraíocht curtha le chéile le déanaí aige. Tugadh le fios gur de bharr cionta um thrácht ar bhóithre a gabhadh an gearánach. Dúradh an méid seo faoin gcás ón uair a “tógadh” an gearánach chuig stáisiún an Gharda Síochána: “...cuireadh fios ar Gharda a bhí líofa sa Ghaeilge chun a bheith i láthair d’fhonn comhrá a dhéanamh leis an ngearánach. Dúradh leis an ngearánach ansin, trí Ghaeilge, faoi chúiseanna a ghabháil agus míníodh an méid sin dó i ngnáththeanga. Bhí gach uile teangmháil a rinneadh leis an ngearánach ina dhiaidh sin trí mheán na Gaeilge. Cuireadh é seo i gcrích chomh luath praiticiúil agus ab fhéidir é.”

Níor bhain na líomhaintí tiomána faoi alt 53 de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-2011 leis an imscrúdú agus is cás é sin don chúirt chuí amháin. Níor bhain leis an imscrúdú ach gné na teanga den scéal agus na líomhaintí faoi shárú ar na dualgais reachtúla teanga atá ar an nGarda Síochána mar chomhlacht poiblí.

Ba chás leis an imscrúdú go raibh an dioscúrsa le cuid de chomhaltaí an Gharda Síochána faoin ábhar seo fréamhaithe sa tuiscint gur cheart do chomhaltaí an fhórsa caitheamh le cainteoir Gaeilge ina t(h)ír féin ar an mbealach céanna agus a chaithfí le cainteoirí ó thíortha eachtrannacha anseo. Ba chosúil an dualgas a bheith á chur ar an gcainteoir Gaeilge é/í féin a chur in iúl don Gharda Síochána seachas don Gharda Síochána na céimeanna cuí a thógáil le go dtuigfeadh an fórsa teanga an chliaint sin, agus iad ag úsáid phríomhtheanga oifigiúil agus theanga náisiúnta na tíre seo.

Fuair an t-imscrúdú mar fhíoras é nach ngabhaí an tiománaí faoi alt 107 de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-2011:

- dá mbeadh sé sásta Béarla a labhairt;
- dá mbeadh oiread Gaeilge ag ceachtar den dá Gharda le céannacht an tiománaí a dheimhniú ar thaobh an bhóthair;

agus

- nach raibh eolas a dhóthain curtha ar fáil go cuí ag údaráis an Gharda Síochána faoi na dualgais teanga a bhí i gceist faoina scéim teanga le go mbeadh na comhaltaí a stop an tiománaí sa chás seo in ann déileáil go cuí leis;
- nach raibh prótacal soiléir i bhfeidhm ag údaráis an Gharda Síochána mar thaca lena ndualgas teanga faoin scéim teanga le déileáil le cás ina ndéanann duine den phobal (nach raibh gafa an tráth sin) an rogha dhlísteanaigh a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an nGarda Síochána agus é stoptha ar thaobh an bóthair.

Dhearbhagh an t-imscrúdú freisin go raibh sé de cheart reachtúil ag an tiománaí an Ghaeilge a roghnú mar theanga sa chás seo agus nach raibh aon dualgas ar fhinnéithe a bhí i láthair seirbhíis ateangaireachta a sholáthar nuair ba léir go raibh seasamh á thógáil ag an tiománaí ar phrionsabal a raibh tábhacht leis dó.

Bhí sé d'argóint ag an nGarda Síochána sa chás seo go mbeadh an tiománaí á ghabháil, cibé ar bith, faoi choir thiomána faoi alt 53 de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-2011. Ba mhór é amhras an imscrúdaithe gurbh é an nós agus an cleachtas ag an nGarda Síochána gach duine a bhfuil coir thiomána le cur ina leith a thabhairt faoi ghlais lámh chuig stáisiún Gardaí, go háirithe nuair nach raibh timpiste de chineál ar bith i gceist, gortú ná damáiste. Ní raibh aon líomhaintí i gceist faoi thiomáint faoi thionchar óil, tiomáint faoi luas nó eile. Bhí na finnéithe agus na Gardaí ar aon fhocal go raibh an tiománaí múinte, fiú fulangach (“passive”).

Léirigh an fhoireann imscrúdaithe inní go gcaithfeadh an Garda Síochána brath den chuid is mó ar Ghardaí aonair a bhfuil Gaeilge acu, fáil éasca a bheith orthu agus ar a ndea-thoil le hateangaireacht a sholáthar. Obair chasta, ghairmiúil í an ateangaireacht, go háirithe i gcásanna coiriúla, agus níor mhór a bheith an-chúramach ina leith. Tá teidlíocht dlí ag daoine gafa ar a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Rud tromchúiseach é a bheith gafa ag na Gardaí agus níor mhór a bheith cinnte go bhfuil an córas le cearta teanga a chosaint sa chás sin foirfe. Ní cáineadh de chineál ar bith é seo ar iarrachtaí pearsanta an Gharda a d'fheidhmigh go deonach mar ateangaire i stáisiún na nGardaí ach tráchttaireacht ar an bprionsabal i gcoitinne.

Cúis bhreise inní ba ea an easpa córais nó prótacail foirfe, shoiléir le míniú do chomhaltaí ar dualgas céard is ceart dóibh a dhéanamh de bhun agus de bhua na bhforálacha sa scéim teanga, má iarrann duine den phobal gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, agus nach bhfuil ar chumas an chomhalta sin déileáil go héifeachtach leis/léi sa teanga sin.

Rinne an t-imscrúdú na moltaí seo a leanas:

- Go ngabhfadh lucht bainistíochta an Gharda Síochána leithscéal i scríbhinn laistigh de shé seachtaine ó dháta na tuarascála leis an ngearánach sa chás seo mar gur sáraíodh a chearta faoi fho-alt 1.3 de scéim teanga an Gharda Síochána a chuid gnó a dhéanamh leo trí Ghaeilge nuair a gabhadh é faoi alt 107 de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, 1961-2011 – foráil a bhaineann le diúltú/teip ainm agus seoladh a thabhairt, nuair nach raibh aon locht air féin ina leith sin.
- Go gcinnteodh lucht bainistíochta an Gharda Síochána go bhfuil comhaltaí an fhórsa i gcoitinne ar an eolas laistigh de dhá mhí ó dháta na tuarascála seo faoina ndualgais teanga faoi scéim teanga an Gharda Síochána, go háirithe faoin bhforáil go n-aithníonn an Garda Síochána ceart gach saoránaigh a c(h)uid gnó a dhéanamh i nGaeilge leo.
- Go n-ullmhóidh lucht bainistíochta an Gharda Síochána prótacal cuimsitheach, soiléir i scríbhinn faoin mbealach ar cheart do chomhaltaí den fhórsa nach bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu déileáil le daoine den phobal a roghnaíonn a gcuid gnó a dhéanamh tríd an teanga sin. Níor mhiste féachaint don chleachtas is fearr sa réimse seo ag seirbhíisí póilíníochta i ndlínsí dátheangacha eile, mar shampla Ceanada nó an Bhreatain Bheag, mar chabhair chuige seo.

- Go ndaingneofaí an prótacal sin dá dtagraítear sa mholadh thuas laistigh de cheithre mhí ó dháta na tuarascála seo agus go gcuirfí in iúl ar bhealach éifeachtach é a luaithe is féidir ina dhiaidh sin do chomhaltaí an fhórsa i gcoitinne.
- Go bhféachfadh lucht bainistíochta an Gharda Síochána le feasacht ar chearta teanga phobal na Gaeilge agus iad ag déileáil leis an bhfórsa a mhéadú i measc chomhaltaí an Gharda Síochána ar aon bhealach cuí eile atá indéanta, ar a n-áirítear póstaer chuí do stáisiúin na Gardaí, eolas ar inlíon inmheánach an fhórsa, etc.
- Go mbeadh an Ghaeilge san áireamh mar chuid de chúrsaí inseirbhíse ginearálta do chomhaltaí an fhórsa, más ann dóibh.
- Go scrúdódh lucht bainistíochta an Gharda Síochána an fhéidearthacht go gcuirfí mionchárta simplí eolais ar fáil do gach Garda mar chúnaimh dóibh roinnt bheag de na bunbheannachtaí is coitianta i nGaeilge a bheadh riachtanach do Ghardaí i mbun dualgais a thabhairt chun cuimhne, le habairtí ar nós “Cad is ainm duit?”, “Cén seoladh atá agat?”, “An bhfuil ceadúnas tiomána, árachas, etc, agat?”
- Go gcinnteodh lucht bainistíochta an Gharda Síochána go bhfuil oiread foirfeachta agus is féidir ag baint leis an gcóras ateangaireachta atá ar fáil dóibh le déileáil go cumasach trí Ghaeilge le daoine den phobal a bheadh gafa acu.

**Imscrúdú seolta: an 29 Meitheamh, 2011**

**Tuarascáil eisihte: an 3 Lúnasa, 2012**

## **An Roinn Dlí agus Cirt agus Combhionannais**

Léirigh imscrúdú go raibh an Roinn Dlí agus Cirt agus Combhionannais ag sárú an dualgais reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le cur i bhfeidhm a scéime teanga fad is a bhain sé le mír 4.8 den scéim sin, nuair nach raibh an chuid “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” de lipéid fhíseán/dioscaí digiteacha ilúsáide á gcur amach i bhformáid dhátheangach.

Daingníodh scéim teanga na Roinne agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 30 Meitheamh, 2006. Áiríodh i measc na gcomhlachtaí comhbhainteacha sa scéim teanga sin Oifig Scrúdóir Oifigiúil na Scannán (Oifig Aicmithe na Scannán anois). Faoi fho-alt 14(3) den Acht, fanann forálacha na scéime i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta a ndaingníonn an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta í nó go dtí go mbíonn scéim nua daingnithe ag an Aire de bhun alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Rinneadh gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga i mí Eanáir, 2012 gur i mBéarla amháin a bhí an t-eolas “*Oiriúnach lena Bhreathnú*”, is é sin an téacs atá in éineacht leis an mír um rangú aoise, ar lipéid fhíseán agus ar dhioscaí digiteacha ilúsáide.

Is mar seo a leanas a bhí an fhoráil i scéim reachtúil teanga na Roinne:

### **“4.8 Oifig Scrúdóir Scannán na hÉireann**

*Déanfar Ceadúnas Miondíola Oifig Scrúdóir Scannán na hÉireann, mar aon leis an bhFoirm Iarratais ghaolmhar, agus an chuid ‘Oiriúnach lena Bhreathnú’ de lipéid fhíseán/dioscaí digiteacha ilúsáide a chur amach i bhformáid dhátheangach. (faoi dheireadh na scéime)”*

Tá feidhm reachtúil leis na gealltanais i scéim teanga agus de réir fho-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí – an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais san áireamh – na gealltanais sin a chur i gcrích:

*“18(1) I gcás ina ndaingneoidh an tAire scéim faoin Acht seo, rachaidh an comhlacht poiblí ar aghaidh leis an scéim a chur i gcrích.”*

Rinneadh iarracht teacht ar shocrú neamhfhoirmiúil leis an Roinn ar an gceist seo, ach níor éirigh leis an iarracht sin. Ó tharla go raibh gearán bailí faighte ó dhuine den phobal, ní raibh de rogha ann ach imscrúdú foirmiúil a sheoladh le teacht ar fhionnachtana agus moltaí sa chás.

Tar éis don imscrúdú a bheith seolta i mí an Aibreáin, thug an Roinn le fios go raibh sí ag iarraidh ar an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta mír 4.8 dá scéim teanga a leasú de réir alt 16 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla agus iarradh go gcuirfí an t-imscrúdú ar fionraí go dtí go mbeadh toradh ar an iarraidh sin.

Seo mar a fhoráiltear in alt 16 den Acht:

*“16.-(1) I gcás inar deimhin leis an Aire, de bharr aon athrú—*

*(a) ar fheidhmeanna comhlachta poiblí, nó*

*(b) ar an imthoisc ina gcomhlíontar na feidhmeanna sin,*

*go bhféadfaidh gur cuí aon scéim atá i bhfeidhm i ndáil leis an gcomhlacht sin a leasú, féadfaidh sé nó sí, ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin, nó ar iarraidh ón gcomhlacht poiblí lena mbaineann, trí fhógra i scríbhinn chuig an gcomhlacht poiblí, leasuithe a mholadh ar an scéim.”*

Tuigeadh don fhoireann imscrúdaithe nach bhféadfaí an t-imscrúdú a chur ar fionraí mar go raibh gearán bailí faighte ó dhuine den phobal. Chas cuid den fhoireann imscrúdaithe le hionadaithe ón Roinn agus le Stiúrthóir Gníomhach Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann chun léargas breise a fháil ar ábhar an imscrúdaithe.

Ba é seasamh na Roinne go raibh sí tagtha ar chomhaontú leis an Oifig i dtaca leis an mír seo den scéim nuair a bhí iniúchadh á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na scéime sa bhliain 2009. Anuas air sin, mhaígh an Roinn gur gealltanais deonach a bhí i gceist mar nach raibh aon dualgas uirthi Oifig Aicmithe na Scannán a áireamh ina scéim teanga.

Maidir le halt 4.8 den scéim teanga, dhearbhaigh an Roinn go raibh dhá thrían den ghealltanais sin – Ceadúnas Miondíola Oifig Scrúdóir Scannán na hÉireann agus an Fhoirm Iarratais ghaolmhar a chur amach i bhformáid dhátheangach – comhlíonta. Mhaígh sí, maidir leis an gcuid eile den ghealltanais – go gcuirfí an chuid “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” de lipéid físeán/dioscaí digiteacha ilúsáide amach i bhformáid dhátheangach – go raibh an leath sin iomarcach anois mar nár iarradh ar Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann físeáin a chlárú le blianta beaga anuas de bharr dul chun cinn teicneolaíochta.

Bhí an méid seo le rá ag an Roinn i dtaca le ceist an chuid “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” de lipéid dioscaí digiteacha ilúsáide:



*“...de bharr dul chun cinn leanúnach teicneolaíochta níl ach codán den chuid dár ngealltanas deonach atá fós le comhlíonadh nach bhfuil iomarcach faoin tráth seo, agus tá laghdú ag teacht ar an gcodán sin de shíor. Ar an lámh eile, bhí agus tá beann ar na hathruithe teicneolaíochta seo ag an gcomhaontú a rinneamar le d’Oifigse maidir le lipéid sa mhéid go bhfuil an chuid ‘Oiriúnach le Breathnú’ den lipéid curtha ar fáil go dátheangach ar shuíomh gréasáin Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann.”*

I measc na bpointí a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag cuid den fhoireann imscrúdaithe leis an Roinn, bhí argóintí praiticiúla maidir le spás, taithí an phobail ar an gcóras, athrú ar Ionstraim Reachtúil, stoc a bhí idir lámha, agus laghdú ar úsáid na lipéad de bharr fhorbairt na teicneolaíochta.

Chonacthas don imscrúdú gur gealltanas ríshoiléir a bhí sa ghealltanas seo a bhí tugtha i scéim teanga na Roinne. Bhí an gealltanas sin le comhlíonadh faoi dheireadh na scéime. Cé go raibh na ranna rangaithe aoise de na lipéid a bhí ar chlúdach tosaigh, ar dhroim agus ar chlúdach cúil boscaí dioscaí digiteacha ilúsáide lán-dátheangach, is i mBéarla amháin a bhí an chuid sin den lipéad ar chúl an bhosca ina dtugtar eolas i dtéacs maidir leo sin a bhfuil an scannán “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” acu.

Níor ghlac an t-imscrúdú leis gur gealltanas deonach a bhí ann mar go raibh an scéim daingnithe ag an Aire, gníomh a chuir bonn reachtúil faoin scéim, ná níor ghlac an t-imscrúdú leis gur ann do chomhaontú mar nár ghlac an Oifig riamh leis an tairiscint ar chomhaontú a rinne an Roinn agus nach bhféadfadh sí glacadh lena leithéid, mar go gciallódh sé go mbeadh sí ag leasú, gan údarás, foráil i scéim reachtúil a bhí daingnithe ag an Aire.

Maidir leis na hargóintí praiticiúla a chuir an Roinn i láthair an imscrúdaithe, chinn an t-imscrúdú gurb í an Roinn agus Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann a roghnaigh soláthar an ábhair seo go dátheangach mar ghníomh a dtabharfaí tosaíocht dó le linn a scéime tionscnaimh, gur saor-rogha amach agus amach a bhí anseo a bhí go hiomlán faoina smacht féin, agus nár brúdh an gealltanas seo orthu in aghaidh a dtola ach gur thug siad féin é agus iad láneolach ar nádúr reachtúil an ghealltanais agus na scéime a bhí á comhaontú acu.

Cé go ndúirt an Roinn go raibh lá an fhíseáin thart agus an teicneolaíocht bogtha chun cinn, níor bhraith an fhoireann imscrúdaithe gur athraigh sin an dualgas a bhí daingnithe sa scéim teanga, mar go maireann an diosca digiteach ilúsáide fós agus ina theannta córais nua, ar a n-áirítear *blu-ray*. Chinn an t-imscrúdú go raibh ceangal ar an Roinn agus ar Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann a chinntiú go raibh an chuid “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” de lipéid ar bhoscaí *blu-ray* á soláthar go dátheangach chomh maith faoi ghealltanas na scéime teanga seo de bharr na forála in alt 6 den Acht Léiriúcháin, 2005 ina leagtar síos prionsabail áirithe maidir le forálacha a fhorléiriú in imthosca atá ag athrú:

*“Le linn foráil d’aon Acht nó d’aon ionstraim reachtúil a fhorléiriú, féadfaidh cúirt aird a thabhairt ar aon athruithe ar an dlí, ar dhálaí sóisialacha, ar theicneolaíocht, ar bhrí na bhfocal a úsáidtear san Acht sin nó san ionstraim reachtúil sin agus ar nithe eile is iomchuí, a tharla ó dháta rite an Achta sin nó ó dháta déanta na hionstraim reachtúla sin, ach sin a mhéid amháin a cheadaíonn a théacs, a chuspóir agus a chomhthéacs nó a téacs, a cuspóir agus a comhthéacs sin.”*

I ndeireadh na dála, ba dhualgas an-simplí é seo a daingníodh i scéim reachtúil teanga agus ba thrua leis an imscrúdú nár cloíodh le litir ná le spiorad an ghealltanais. Ba thrua freisin, i bhfianaise shoiléireacht an ghealltanais, gur ghá oiread sin ama agus dua de chuid na Státseirbhíse a chaitheamh ag iarraidh cás a dhéanamh a chealódh dualgas simplí nach luífeadh aon chostas ná deacracht dháiríre lena fheidhmiú.

Mhol an t-imscrúdú, gan dochar don dualgas láithreach a bhain leis an ngealltanais reachtúil seo, go n-úsáidfí an stoc reatha de lipéid aonteangacha Bhéarla “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” ach nach bhfaighfí aon stoc nua den chineál sin agus gur ar ídiú an stoic reatha sin a thabharfaí i bhfeidhm na lipéid chuí dhátheangacha.

Ar an 20 Nollaig, 2012, fuair an Oifig litir ó Ard-Rúnaí na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta inar tugadh le fios go raibh cinneadh déanta ag an Aire Stáit sa Roinn sin cealú a dhéanamh ar an dualgas i dtaca leis an lipéad “*Oiriúnach lena Bhreathnú*” a bhí sonraithe i mír 4.8 de scéim teanga na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ba é seo an chéad uair a cuireadh ar ceal gealltanais i scéim teanga dhaingnithe.

**Imscrúdú seolta: an 5 Aibreán, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 4 Meán Fómhair, 2012**

## **Comhairle Baile Inse**

Léirigh imscrúdú go raibh Comhairle Baile Inse ag sárú na ndualgas reachtúil teanga atá daingnithe sna rialacháin agus sna hordacháin atá déanta faoi fho-ailt 95(2) agus 95(16) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 i gcás comharthaí bóthair i mBéarla amháin a bhí curtha in airde i gceantar feidhme na Comhairle Baile, ach gur cosúil go raibh córais anois i bhfeidhm ag an gComhairle Baile le cinntiú nach dtarlódh sárú den chineál seo feasta i dtaca le haon chomharthaí nua. Fuair an t-imscrúdú mar fhionnachtain chomh maith go bhfuil dualgas ar an gComhairle Baile na comharthaí sin a cuireadh in airde roimhe seo, agus nach bhfuil ag teacht leis na riachtanais reachtúla teanga, a leasú go cuí a luaithe is féidir.

Rinneadh sraith leanúnach gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga in imeacht tréimhse blianta maidir le comharthaí bóthair, i mBéarla amháin, i gceantar Bhaile Inse.

Bhí sé i gceist go gceartófaí na comharthaí sin ina gceann agus ina gceann i dtús aimsire, ach socraíodh ar bheartas nua ag cruinniú idir baill foirne de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga agus feidhmeannaigh de chuid na Comhairle Baile i mí Mheán Fómhair, 2010. De thoradh an chruinnithe sin, tuigeadh gur clár oibre ceithre bliana a bheadh i gceist leis an gceartúchán.

Mar chuid den chlár oibre, bhí an baile le roinnt ina cheithre cheantar, agus tuigeadh go ndéanfaí iniúchadh ar na comharthaí bóthair ar fad sa chéad cheathrú faoi dheireadh 2010, agus go mbeadh an obair cheartúcháin ar fad curtha i gcrích ar na comharthaí sa cheathrú sin faoi dheireadh mhí an Aibreáin, 2011. Thug an Chomhairle Baile le fios go gcuirfí tús leis an obair ar an gcéad cheathrú eile i mí na Samhna, 2010, agus go mbeadh an obair ar an dara cheathrú déanta in 2011, an tríú cheathrú in 2012, agus an ceathrú ceathrú in 2013.

Is cosúil gur críochnaíodh an suirbhé ar an gcéad cheathrú thart ar mhí na Bealtaine, 2011. Léirigh an suirbhé go raibh tuairim is 217 comhartha nach raibh bunús reachtúil leo sa mhéid is gur cosúil go raibh siad ag sárú na ndualgas reachtúil teanga atá daingnithe le dlí.

Bhíothas sásta glacadh le plean na Comhairle Baile le súil go réiteofaí an fhadhb ar bhonn céimnithe, ach d'ainneoin an cás a bheith á phlé go leanúnach leis an gComhairle, bhí an chosúlacht air ón eolas a cuireadh ar fáil gur beag dul chun cinn a bhí déanta i réiteach sásúil na gcomharthaí lochtacha seo faoi mhí an Aibreáin, 2012. Ba léir go raibh ceart reachtúil ag aon ghearánach faoin reachtaíocht go ndéanfaí fionnachtana agus moltaí i gcás den chineál seo, agus dá bhrí sin cinneadh gur ghá dul chun cinn le himscrúdú ar an ábhar.

Thug an Chomhairle Baile le fios go raibh an t-iniúchadh críochnaithe ar an dara ceathrú den bhaile agus go raibh 115 comhartha aitheanta ansin a bhí lochtach ó thaobh na teanga. Dúirt an Chomhairle gurbh fhadhb náisiúnta í, agus má bhí sárú reachtúil i gceist gur sárú teicniúil neamhbheartaithe a bhí ann.

Thug an Chomhairle Baile le fios gur comharthaí stairiúla iad go leor de na comharthaí a bhí faoi chaibidil ag an imscrúdú agus go raibh rún daingean ag an gComhairle Baile na comharthaí seo a athsholáthar ach nach *“féidir é a dhéanamh ach de réir acmhainní.”*

Ba é an tátal a bhí le baint as an gcás gur dhearbhaigh an Chomhairle Baile go raibh móriomlán de 332 (217 + 115) comhartha a mheas sí féin a bhí ag sárú na ndualgas reachtúil teanga sa leath amháin den bhaile a raibh iniúchadh comharthaíochta déanta air. Maidir le ceist ón imscrúdú i dtaobh an chaiteachais phoiblí a rinneadh i leith comharthaí nach raibh ag cloí leis an reachtaíocht, dúirt an Chomhairle nach raibh na hacmhainní foirne aici i láthair na huaire leis an eolas sin a aimsiú. Dúirt an Chomhairle go raibh dianiarracht á déanamh aici a cuid pleananna le déileáil leis an bhfadhb stairiúil chomharthaíochta a chur i bhfeidhm.

Ghlac an t-imscrúdú le hargóint na Comhairle Baile nach gá gur d'aon turas a tharla na sárúithe stairiúla seo. B'fhíor go raibh an fhadhb chéanna le feiceáil i gceantair eile agus go raibh ar an Oifig go minic aird a tharraingt ar chomharthaí a bhí i mBéarla amháin i mbailte agus i gcontaetha ar fud na tíre.

Chonacthas don imscrúdú gur léirigh Comhairle Baile Inse dearcadh stuama, ciallmhar nuair a bheartaigh sí plean a leagan amach leis an bhfadhb seo a réiteach ar bhonn céimnithe. Dúirt an Chomhairle i mí na Bealtaine, 2012 go raibh 40% den phróiseas a bhain leis an gcéad cheathrú den bhaile curtha i gcrích.

Mhol an t-imscrúdú an bealach ar thug an Chomhairle Baile faoin gceist, ach cé go raibh an plean a bhí leagtha amach ar fheabhas, agus cé go ndearnadh é le hintinn mhaith, ba léir go raibh lúb ar lár an-suntasach i bhfeidhmiú an phlean. Bhí an t-imscrúdú den tuairim go mbeadh dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle Baile i gceartú na gcomharthaí lochtacha murach an tionchar a d'imir an cúlú geilleagrach ar acmhainní airgeadais agus foirne na Comhairle Baile. Ghlac an t-imscrúdú leis chomh maith go raibh an Chomhairle Baile tar éis an fhoireann a chur ar an eolas faoi na riachtanais i leith na Gaeilge i gcás aon chomharthaí nua a bhí le cur in airde agus go raibh, tríd is tríd, córas éifeachtach i bhfeidhm ag an gComhairle Baile anois le comharthaí nua a ordú agus a phrofáil sula gcuirtear in airde iad.

Ach bhí fadhb stairiúil fós ann leis na seanchomharthaí agus chaithfí tabhairt faoin bhfadhb sin a réiteach, agus cé gur léir ó thuairiscí na Comhairle Baile go raibh riar mór oibre déanta ar an ábhar seo, ní raibh a thoradh sin le feiceáil ar shráideanna Inse. Rinneadh moltaí i dtuarascáil an imscrúdaithe le dul i ngleic leis an gcás in imeacht tréimhse ama.

**Imscrúdú seolta: an 19 Aibreán, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 21 Meán Fómhair, 2012**

## **Suirbhéireacht Ordanáis Éireann**

Léirigh imscrúdú gur sárú ar dhualgais reachtúla teanga ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a bhí ann léarscáileanna a fhoilsiú gan logainmneacha agus gnéithe seanda a bheith i nGaeilge nó dátheangach (Gaeilge agus Béarla), mar a éilíonn alt 34 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Rinneadh gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga i mí na Samhna, 2011 nach raibh fáil ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann ar léarscáil reatha d’Éirinn agus logainmneacha ar taispeánt i nGaeilge, nó i nGaeilge agus i mBéarla, orthu.

Tharraing an Oifig an cheist seo anuas le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann trí chóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán na hOifige, ach níor éirigh leis an bpróiseas sin ábhar an ghearáin a réiteach. Dá thoradh sin, seoladh imscrúdú foirmiúil.

Foráiltear in alt 34 d’Acht an dTeangacha Oifigiúla, a tháinig i ngníomh ar an 30 Deireadh Fómhair, 2003 trí I.R. Uimh. 518 de 2003, go ndéanfaí leasú ar an Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001 tríd an bhfeidhm leasaithe seo a thabhairt don eagraíocht sin:

*“(h) logainmneacha agus gnéithe seanda sna taifid agus sna bunachair sonraí léarscáilíochta náisiúnta agus i dtaifid agus i mbunachair sonraí ghaolmhara a thaispeánt i nGaeilge nó i mBéarla agus i nGaeilge.”*

Bhí an chosúlacht láidir ar an scéal, ón eolas a cuireadh ar fáil don imscrúdú, nár cuireadh na socrúithe cuí i bhfeidhm láithreach laistigh de Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann le géilleadh don riachtanas nua seo.

Ba chosúil gur leanadh a bheag nó a mhór de na nósanna agus na cleachtais a bhí ann i gcoitinne roimhe sin, beag beann ar thoil Chomhaltaí Thithe an Oireachtais a d’achtaigh an fhoráil reachtúil seo. Léirítear é seo sa mhéid is nár leasaíodh ar shuíomh gréasáin na heagraíochta, go dtí le gairid, liosta na bhfeidhmeanna reachtúla atá ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann. Rinneadh an leasú seo ar an suíomh gréasáin tar éis d’Oifig an Choimisinéara Teanga ábhar an ghearáin a chur i láthair na heagraíochta, breis is ocht mbliana ó tháinig an fheidhm nua i gceist, ar an 30 Deireadh Fómhair, 2003.

Chonacthas don imscrúdú seo nach raibh ach dhá rogha tugtha sa reachtaíocht – an t-ábhar seo:

- a thaispeánt i nGaeilge, nó
- a thaispeánt go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge.

Thug Suirbhéireacht Ordanáis Éireann le fios go mbaintear úsáid as an dá theanga ar léarscáileanna (atlais bhóthair, léarscáileanna náisiúnta agus an tsraith ‘Discovery’) más féidir, agus an scála agus an t-aschur á dtabhairt san áireamh, agus go n-úsáidtear Béarla amháin má tá teorainn leis an méid spáis ar an léarscáil ach amháin i gceantair Ghaeltachta, áit a n-úsáidtear Gaeilge.

Chonacthas don imscrúdú nárbh é seo an leagan amach a bhí beartaithe ag údair na reachtaíochta.

Tagraíodh do theorainn chartagrafaíochta mar thoradh ar an scála aschuir agus ar mhéid an pháipéir a úsáidtear. Mheas an t-imscrúdú nár leor na srianta sin le leasú de chineáil ar bith a dhéanamh ar thoil Chomhaltaí Thithe an Oireachtais in achtú na forála reachtúla. Bheadh leasú ar an dearadh ina réiteach amháin ar na srianta sin.

Thuig an t-imscrúdú nach raibh leagan daingnithe Gaeilge ar fáil fós do gach uile logainm agus gné sheanda sa tír. Ach tá riar mór acu ar fáil agus comhoibriú á thairiscint i gcónaí ag an gCoimisiún Logainmneacha dóibh siúd a dteastaíonn leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha uathu.

Tugadh le fios freisin don imscrúdú go raibh srian ar an méid téacs is féidir a úsáid ar léarscáil mar áis taistil, eolais agus eile. Ach níor mheas an t-imscrúdú gur leor seo le foráil reachtúil a bhí daingnithe le dlí a mhaolú, a leasú nó a fhágáil ar leataobh. Dúradh freisin gur beag éileamh a bhí ar léarscáileanna áirithe agus gur measadh nach *“bhfaighfí ach toradh teoranta as léarscáil lán-Ghaeilge a tháirgeadh, sholáthrófaí sruth íseal ioncaim agus dá bharr sin bheadh sé riachtanach don Stát costas an táirgthe sin a iompar tríd an gComhaontú Seirbhíse.”*

Níor tugadh aon fhianaise shonrach don imscrúdú a chruthódh laghad an éilimh sin, mar shampla taighde margaíochta nó eile. Agus ní dhéileálann an argóint sin ar chor ar bith leis an rogha dhlísteanaigh eile a bhí ceadaithe go reachtúil – léarscáileanna a bheith dátheangach go hiomlán. Anuas air sin, b’ábhar inní é don imscrúdú nach raibh fáil ar léarscáileanna de cheantair Ghaeltachta ina mbeadh logainmneacha i nGaeilge amháin, chun críche fho-alt 33(2)(a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla. Fágann seo go bhfuil deacrachtaí ag ranna stáit feidhmiú de réir na reachtaíochta i gcásanna go bhfuil léarscáil de cheantar Gaeltachta ina cuid dhílis d’Ionstraim Reachtúil.

Nuair a ceistíodh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann go sonrach an raibh léarscáileanna á bhfoilsíú aici i mBéarla amháin nó, ar a laghad, cuid áirithe de na logainmneacha i mBéarla amháin, séanadh go raibh sin fíor agus dúradh go mbaintear úsáid as téarmaí dátheangacha *“sa mhéid gur féidir ó thaobh na cartagrafaíochta”*. Ní aithníonn an reachtaíocht gur ann don choinníoll nó don teorainn sin – *“sa mhéid gur féidir”* – agus is gá don chleachtas cartagrafaíochta géilleadh don dlí seachas a mhalairt. Dúradh freisin mar fhreagra ar an gceist chéanna *“go mbíonn gach ceantar Gaeltachta sa Ghaeilge”*. Fuair an t-imscrúdú mar chinneadh fíorais nach fíor sin.

Mar fhreagra ar cheist shainiúil eile an fíor nach raibh fáil ar aon léarscáil reatha ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann ar a bhfuil na logainmneacha ar fad go hiomlán i nGaeilge nó go hiomlán dátheangach, dúradh go bhféadfadh *“OSi, de réir éilimh, léarscáil d’Oileán na hÉireann a phriontáil ina bhfuil na logainmneacha go léir sa Ghaeilge, ach d’fhéadfadh nach*

*mbeadh cuid den bhonneagar nua bóithre ná roinnt bailte san áireamh sa léarscáil sin toisc go mbíonn sí ag scála de tuairim is 1:450,000.”*

Ón bhfianaise a cuireadh ar fáil don imscrúdú, rinneadh cinneadh go raibh sárú á dhéanamh ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann ar alt 34 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, lenar leasaíodh mír (h) d’alt 4(2) den Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001 agus lenar cuireadh de dhualgas ar an eagraíocht logainmneacha agus gnéithe seanda sna taifid agus sna bunachair sonraí léarscáilíochta náisiúnta a thaispeáint i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge.

Mhol an t-imscrúdú go gcomhlíonfadh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann as seo amach na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe in alt 34, agus gan dochar don dualgas iomlán láithreach a bhain leis an bhforáil reachtúil, go gceadófaí do Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann foilsíú a dhéanamh ar aon léarscáil a bhí iomlán ullamh le cló tráth an imscrúdaithe nó a bheadh ar fáil don phobal i gcoitinne laistigh de thréimhse sé mhí ó dháta na tuarascála.

Moladh chomh maith go socródh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann go mbeadh fáil ar léarscáil le logainmneacha Gaeltachta i nGaeilge amháin chun freastal ar riachtanas na ranna agus na n-oifigí cuí rialtais chun críche fho-alt 33(2)(a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla nuair a bhíonn riachtanas ann do na léarscáileanna sin mar chuid dhílis d’Ionstraim Reachtúil.

**Imscrúdú seolta: an 6 Nollaig, 2011**

**Tuarascáil eisithe: an 17 Aibreán, 2012**

## **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Léirigh imscrúdú go raibh dualgas reachtúil teanga á shárú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar nach raibh trialacha inniúlachta sa Ghaeilge á soláthar mar atá leagtha síos i gciocláin 43/75 agus 30/90 de chuid na Roinne Airgeadais.

Rinneadh gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga i mí an Mhárta, 2012 nárbh ann d’aon chóras cuí le marcanna bónais a shaothrú d’inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i gcomórtais um ardú céime de chuid na Státseirbhíse.

Ba chás leis an ngearánach, ar státseirbhíseach í, go raibh sárú á dhéanamh ar a cearta reachtúla teanga mar nárbh fhéidir léi marcanna bónais d’inniúlacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla – a mheas sí a bheadh tuillte aici – a shaothrú, mar nárbh ann do thrialacha inniúlachta cuí ná do chúrsaí foghlama Gaeilge de chuid Ghaeleagras.

Is mar seo a leanas atá na míreanna cuí de chiorclán 43/75, arna leasú ag chiorclán 30/90 agus atá eisithe de bhun agus de bhua na gcumhachtaí atá tugtha don Aire Airgeadais faoi alt 17 d’Acht Rialuithe na Státseirbhíse, 1956 – cumhachtaí atá aistriithe anois chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:

*“Beidh fáil ar thrialacha ardú céime foirmiúla Choimisiún na Státseirbhíse, mar a bhí go dtí seo, chun deis a thabhairt d’oifigigh a n-eolas ar an nGaeilge a chur faoi bhreithmheas.*

*Leathnófar na cúrsaí atá á reachtáil ag Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí. Tugann na cúrsaí sin deis d'oifigigh eolas a chur ar an nGaeilge nó a gcuid eolais uirthi a fheabhsú. Glacfar leis gurb ionann na cúrsaí sin a chríochnú go sásúil agus pas a fháil ó Choimisiún na Státseirbhíse sna trialacha ardú céime."*

Agus:

*"2. Déanann an córas creidiúna leasaithe soláthar mar leanas:*

*(c) faoi réir socrúithe eatramhacha a dhéanfar (a bhfuil tagairt dóibh thíos) ní mór do iarrthóir trialacha a dhéanamh ó am go ham chun bheith i dteideal creidiúint a fháil as inniúlacht ar bhun leanúnach."*

Rinne an gearánach iarratas ar thriail inniúlachta sa Ghaeilge mar go raibh comórtas inmheánach á reachtáil a raibh i gceist aici cur isteach air. Cuireadh in iúl di, áfach, nach raibh aon socrú ná aon phlean ann le cúrsaí de chuid Ghaeagras nó trialacha inniúlachta a reachtáil.

Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iarracht an cheist seo a réiteach trí chóras neamhfhoirmiúil réitithe gearán na hOifige, ach níor éirigh leis na hiarrachtaí sin agus seoladh imscrúdú.

I litir dar dáta an 17 Aibreán, 2012, chuir an Roinn in iúl don imscrúdú go raibh socrúithe á ndéanamh le soláthar a dhéanamh do thrialacha inniúlachta agus go raibh súil go mbeadh córas foirfe i bhfeidhm go luath. Cuireadh an t-imscrúdú ar leataobh go ceann tréimhse le deis a thabhairt don Roinn na socrúithe cuí a dhéanamh.

Cuireadh in iúl don imscrúdú ar an 27 Lúnasa, 2012, tar éis tuairisc a iarraidh ar an dul chun cinn, go raibh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe fós i mbun idirbheartaíocht ar an gceist i dtaca le socrú buan, ach go raibh socrúithe eatramhacha déanta i gcás comórtais ar leith nuair a léirigh ranna éagsúla go raibh riachtanas acu dá leithéid.

Beartaíodh, i bhfianaise na litreach sin, gur ghá leanúint den imscrúdú agus cinneadh foirmiúil a dhéanamh i dtaca le ceist na gcearta agus na ndualgas teanga sa chás seo.

Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le fios don imscrúdú ar an 3 Deireadh Fómhair go mbeadh na cúraimí i dtaca le hoiliúint agus tástáil cumais sa Ghaeilge sa Státseirbhís, a bhíodh go nuige seo ar Ghaeagras, á n-aistriú go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ó thús 2013.

Níor mhian leis an gearánach sa chás seo go ndéanfaí aon mholtaí sonracha i leith a cáis féin ach amháin go n-admhófaí gur sáraíodh a cearta teanga agus go gcuirfí córas i bhfeidhm athuair le cinntiú go mbeadh deis ag iarrthóirí cuí eile a n-inniúlacht in dhá theanga oifigiúla an Stáit a thástáil chun críche marcanna bónais i gcomórtais um ardú céime sa Státseirbhís.

Moladh de thoradh an imscrúdaithe, mar íosmhéid ar fad, go rachfaí chun cinn le feidhmiú na socrúithe a bhí geallta i litir na Roinne dar dáta an 3 Deireadh Fómhair, 2012, agus go mbeadh na socrúithe nua dar tagraíodh i bhfeidhm le héifeacht ó thús 2013.

Cé gur gnó don Aire agus don Roinn é forálacha reachtúla a dhéanamh i leith inniúlachta sa dá theanga oifigiúla sa Státseirbhís agus ciorcláin a eisiúint de bhun agus de bhua alt 17 d'Acht

Rialuithe na Státseirbhíse, 1956, dúradh i dtuarascáil an imscrúdaithe go mbeadh sé innholta, tráth a raibh athchóiriú áirithe le déanamh ar an gcóras seo, go dtapófaí an deis chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an ábhar agus leasuithe a dhéanamh a chinnteodh go mbeadh córas ann a bheadh oiriúnach dá fheidhm.

Ba é tuairim an imscrúdaithe gur cur amú ama agus cur i gcéill a bheadh ann mura mbeadh de thoradh ar an athrú seo ach go ndaingneofaí arís an córas lochtach céanna a raibh fios againn anois, tar éis tréimhse 40 bliain, nach raibh ag éirí leis a chinntiú go bhfuil dóthain foirne le Gaeilge ag leibhéal éagsúla ar fud na Státseirbhíse. Meabhraíodh freisin go raibh deis stairiúil anois ann dul i ngleic go foirfe leis an gceist.

Thug an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le fios, tar éis dó an tuarascáil ar an imscrúdú a mheas, go mbeadh deis san aistriú seirbhíse chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta na cleachtais reatha a athchóiriú agus dúirt sé go raibh a Roinn féin tiomanta do mheicníochtaí a chur ar fáil trínar féidir le ranna teacht ar na scileanna nó iad a fhorbairt chun a gcuid seirbhísí a sheachadadh go dátheangach.

**Imscrúdú seolta: an 22 Márta, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 26 Deireadh Fómhair, 2012**

## **An tÚdarás Náisiúnta Iompair**

Léirigh imscrúdú gur comharthaí lena mbaineann dualgais reachtúla teanga a bhí san fhaisnéis a bhí eisithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair lena cur ar taispeánt i bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí (ar nós tacsaithe), agus gur sárú reachtúil a bhí ann gur i mBéarla amháin, seachas go dátheangach mar a bhíodh roimhe, a eisíodh an t-ábhar seo.

Rinneadh gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga nach raibh an tÚdarás ag cloí leis na rialacháin faoi fho-alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, fad is a bhain sé le dhá mhír faisnéise a eisíodh le cur ar taispeánt i dtacsaithe i dtaca le turais agus táillí taistil. Cuireadh an t-ábhar i mBéarla amháin ar fáil in ionad ábhar a bhíodh dátheangach go dtí sin, agus treoraíodh gur gá do gach tacsáí feasta dhá chóip den leagan Béarla a chur ar taispeánt.

Ba í an cheist a bhí le socrú ná an “comharthaí” a bhí i gceist anseo chun críche na reachtaíochta. Dá mba ea, ní raibh aon cheist ann ach gur ghá go mbeidís i nGaeilge nó dátheangach (i nGaeilge agus i mBéarla).

Tá na rialacháin maidir le húsáid na dteangacha oifigiúla ar chomharthaíocht soiléir agus, lasmuigh d’eisceachtaí lena mbaineann díolúine, baineann siad le gach comhartha a chuireann comhlacht poiblí in airde. I bhfo-alt 6(1) de na rialacháin, deirtear go mbaineann na forálacha seo le haon chomhartha a chuireann comhlacht poiblí in airde, nó a chuirtear in airde thar a cheann, in aon suíomh.

Dúirt an tÚdarás nach nglactar le tacsaithe ceadúnaithe mar mhaoín i seilbh an phobail agus gurb ionann iad agus feithiclí príobháideacha, ach níorbh fhéidir a shéanadh gur riachtanas ceadúnaithe é “*go gcuirfeadh tacsaithe, hacnaithe agus limisíní uile an fhaisnéis seo ar fáil do chustaiméirí ar bhonn infheithicle.*” Ba léir go raibh ordú á thabhairt ag an Údarás an t-ábhar seo a chur ar taispeánt faoi threoir reachtúil agus ba dheacair idirdhealú a dhéanamh



idir an dualgas faisnéis a chur ar taispeánt faoi na cúinsí sin agus é a chur in airde mar chomhartha eolais.

Bhí an tÚdarás Náisiúnta Iompair tagtha ar an tuairim nach comharthaí a bhí san fhaisnéis áirithe seo, *inter alia*, de bharr teagmháil a bhí déanta aige le hoifigeach sinsearach de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, mar a bhí, tráth a raibh na rialacháin á mbeartú. Ba léir don imscrúdú, áfach, go raibh an t-oifigeach ag soláthar na comhairle bunaithe ar dhréacht de na rialacháin nach raibh daingnithe an tráth sin. Níor daingníodh go ceann dhá bhliain go leith ina dhiaidh sin iad agus pléadh agus leasaíodh na luathdhréachtaí idir an dá linn.

Níor mhiste a lua freisin go bhfuil an dualgas reachtúil i dtaca le comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir le dualgais teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla dílsithe le dlí d'Oifig an Choimisinéara Teanga amháin i bhfo-alt 21(e) den Acht. Ba chuirte don Údarás Náisiúnta Iompair comhairle na hOifige seo a lorg sula ndearnadh caiteachas an-mhór airgid phoiblí ar an tionscnamh seo.

Seo mar a bhí ráite ag an Údarás Náisiúnta Iompair: *“Is iondúil go gciallaíonn comhartha struchtúr ar taispeánt ag léiriú nó ag fógaírt láthair ghnó, nó ag tabhairt comharthaí nó treoracha. Ní chun críocha dá leithéid seo iad an greamán agus cárta faisnéise SPSV, níl ann dóibh ach chun faisnéis a sholáthar d’úsáideoirí seirbhíse. Déanann na Rialacháin trácht do chomharthaí a “chur” ag “láithreacha” (a thugann le tuiscint go bhfuil siad socraithe go buan i láthair sheasta) seachas i bhfeithicil, agus ag pointe amháin déantar trácht d’údaráis phoiblí a bheartaíonn ar chomharthaí “a chur in airde”, a thugann le tuiscint freisin gur feistis seasta atá i gceist – agus níl sé sin i gceist lenár gcártaí”.*

Níor ghéill an t-imscrúdú don argóint sin. Níl sainmhíniú ar leith tugtha ar an bhfocal “comhartha” chun críche Acht na dTeangacha Oifigiúla ná sna rialacháin atá déanta faoin Acht. Is í an riail maidir le forléiriú dlíthiúil i gcásanna den chineál sin go bhféachtar ar an gcomhthéacs iomlán ina bhfuil an focal in úsáid agus ar ghnáthbhrí an fhocail.

Chonacthas don imscrúdú gurb ionann comhartha agus eolas nó faisnéis atá curtha ar taispeánt a thugann san áireamh, ach nach bhfuil teoranta do, na cineálacha comharthaí seo a leanas – comhartha rabhaidh, comhartha eolais/faisnéise, comhartha teagascach, comhartha treo, comhartha sainordaitheach, comhartha éigeandála, comhartha coiscthe, comhartha guaise nó priacail, comhartha sábháilteachta, comhartha lasta, comhartha leictreonach.

Bhí an fhaisnéis ábhartha le cur ar taispeánt mar eolas don phobal i gcoitinne agus ba ghá é a bheith ar taispeánt go leanúnach. Ba chion é an fhaisnéis seo a bhaint nó a thógáil ón láthair ina mbeadh sé ar taispeánt i bhfeithicil.

Ní raibh aon amhras ar an bhfoireann imscrúdaithe, dá bhrí sin, ach gur comharthaí iad seo chun críche na rialachán maidir le húsáid teangacha oifigiúla. Is mar chomharthaí faisnéise a fheidhmíonn na cártaí faisnéise seo agus tá siad curtha i gcúl na feithicle chun úsáideoirí tacsáí a chur ar an eolas faoina gcearta agus a gcuid freagrachtaí. Cuirtear greamán na dtáillí in airde freisin ar an scáthlán gréine ar thaobh an phaisinéara den fheithicil chun na críche céanna agus is comhartha faisnéise don phobal i gcoitinne iad freisin.

Mhol an t-imscrúdú go gcinnteodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair go mbeadh na comharthaí faisnéise infheithicle atá eisithe aige lena gcur ar taispeánt i bhfeithicil beaga seirbhíse poiblí

i nGaeilge nó dátheangach (Gaeilge agus Béarla) faoi réir na ndualgas reachtúil atá leagtha amach sna rialacháin (I.R. Uimhir 391 de 2008). Gan dochar, áfach, don dualgas reachtúil a bhí i gceist láithreach, moladh gur ag an tráth a mbeadh an chéad athdhearadh nó nuashonrú eile á dhéanamh ar na comharthaí faisnéise sin a chinnteofaí géilliúlacht iomlán don dualgas teanga cuí, agus go gcuirfí leagan Gaeilge ar fáil idir an dá linn in aon chás ina n-iarrfaí a leithéid.

**Imscrúdú seolta: an 1 Márta, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 10 Bealtaine, 2012**

## **Ollscoil Luimnigh**

Léirigh imscrúdú go raibh sárú á dhéanamh ag Ollscoil Luimnigh ar na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-alt 7(2) d' Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 391 de 2008) – [Na Rialacháin um Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9) 2008] - fad is a bhain sé le húsáid ainm an chomhlachta phoiblí féin ar a cuid stáiseanóireachta.

Dúisíodh ceist le linn iniúchadh a bheith á dhéanamh ag Oifig an Choimisinéara Teanga ar ghealltanais i scéim teanga na hOllscoile faoi ghéilliúlacht an chomhlachta phoiblí do na dualgais reachtúla maidir le húsáid teangacha oifigiúla i gceannteideal stáiseanóireachta agus ar chomharthaíocht nua.

Fad is a bhí an t-ábhar fós á phlé idir an Oifig agus údaráis na hOllscoile, tháinig gearán chuig an Oifig inar líomhnaíodh go raibh tús áite á thabhairt don Bhéarla ar cheannteidil stáiseanóireachta agus ar chomharthaíocht na hOllscoile i gcoimhlint leis an dualgas reachtúil. Níor éirigh leis an bpróiseas neamhfhoirmiúil réitithe gearán a fheidhmiú an Oifig comhréiteach a aimsiú sa chás, agus ní raibh de rogha ach imscrúdú reachtúil a sheoladh.

Bhain croí an scéil sa chás a chuir Ollscoil Luimnigh i láthair an imscrúdaithe le “*lógó*” na hOllscoile, le sainmhíniú ar a raibh i gceist le “*lógó*”, agus le díolúine ó dhualgas reachtúil teanga a bhí daingnithe do “*lógó*” i bhfo-alt 9(1)(b) de na Rialacháin chúí.

Dúirt an Ollscoil leis an imscrúdú go raibh díolúine aici ó na dualgais teanga atá daingnithe in alt 7 de na Rialacháin de bharr gur lógó na hOllscoile a bhí i gceist anseo agus go bhforálann fo-alt 9(1)(b)(ii) de na Rialacháin nach gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aistriúchán a dhéanamh ó theanga oifigiúil amháin go teanga oifigiúil eile i gcás lógó. D'éiligh an Ollscoil gur “*díolúine ghinearálta é maidir le lógónna*” atá ar fáil san Ionstraim Reachtúil agus go raibh “*earráid dlí déanta ..... maidir le ciall an fhocail ‘lógó’*” agus gur “*féidir níos mó a bheith i gceist le lógó ná dearadh nó léaráid éigin*”. Dúirt an Ollscoil gur chláraighe sí an “*lógó*” mar thrádmharc sa bhliain 1990, gur shocraigh sí na mionsonraí a bhaineann lena branda an bhliain sin, gur fhaomh Coiste Feidhmithe na hOllscoile na mionsonraí céanna arís sa bhliain 2011, agus gur cuid dhílis den thrádmharc sin go mbaineann dearadh/siombail/léaráid agus focail (ainm an chomhlachta phoiblí) leis, agus an t-ainm sin i litreacha móra i mBéarla ar dtús agus i litreacha beaga i nGaeilge thíos faoin ainm i mBéarla.

Cuireadh cóip den ábhar atá cláraithe mar thrádmharc cláraithe ar fáil don imscrúdú, mar aon le doiciméid inar leagadh amach na mionsonraí a bhaineann leis an mbranda sin. Thug an Ollscoil le fios nach bhféadfaí meirge/suaitheantas na hOllscoile a úsáid gan na focail a úsáid chomh maith. Thuairiscigh sí go raibh mórchuid ama agus airgid caite ag an Ollscoil leis an

lógó seo a fhorbairt agus a chosaint, agus gur ceart maoiné é de bharr go bhfuil sé cláraithe aici mar thrádmharc cláraithe, agus dúirt:

*“Má dhéantar iarracht ar bith chun a rá gurb é is ciall leis na Rialacháin ná go gcaithfead lógó Ollscoil Luimnigh a athrú, is ionann é sin agus míthuiscint mhíbhunreachtúil ar na Rialacháin agus ionsaí gan údar is ea é ar chearta maoiné Ollscoil Luimnigh ina lógó.”*

Ba chosúil gur chreid an Ollscoil gurb ionann an trádmharc mar atá cláraithe agus an lógó a luaitear i bhfo-alt 9 d’Ionstraim Reachtúil 391 de 2008. Níl sainmhíniú ar leith tugtha ar an bhfocal “lógó” san Acht ná sna Rialacháin atá déanta faoin Acht. Dá bhrí sin, is é an riail forléirithe go bhféachtar ar ghnáthbhrí na bhfocal. Is ceart a nótaíl, áfach, nach luaitear “trádmharc” go saineúil mar ní a bhfuil díolúine geallta ina leith faoi na Rialacháin. Is é an gnáth-shainmhíniú atá ar lógó ná siombail, samhail, comhartha, dearadh nó léaráid phictiúrtha a úsáidtear chun aitheantas ar leith a éascú. In Acht na dTrádmharcanna, 1996 (Uimhir 6) is ionann trádmharc agus “any sign capable of being represented graphically which is capable of distinguishing goods or services from one undertaking from those of other undertakings”. I bhfo-alt (2) d’alt 6 den Acht sin, deirtear – “a trade mark may, in particular, consist of words (including personal names), designs, letters, numbers or the shape of goods or their packaging”. Thug an t-imscrúdú faoi deara nach luaitear “logo” in Acht na dTrádmharcanna.

Maidir le ceist na comharthaíochta, chuir an Ollscoil grianghraif ar fáil de chomharthaíocht a chomhlíon na Rialacháin agus thug sí le fios nach bhféadfadh sí dul níos faide leis an scéal mura dtabharfaí di sonraí an ghearáin a fuair an Oifig. Thug an Ollscoil le fios nár ghlac sí leis go raibh stáiseanóireacht agus comharthaí nua na hOllscoile ag sárú na ndualgas reachtúil teanga. Cé nár ghlac sí leis go raibh an reachtaíocht á sárú, thairg an Ollscoil ainm Gaeilge agus ainm Béarla na hOllscoile, san ord sin agus mar a chéile ó thaobh méide de, a chur ar a stáiseanóireacht, “ach ina theannta sin, fanfaidh a lógó ann mar atá sé faoi láthair.”

Baineann na Rialacháin atá déanta faoi fho-alt 9(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla le húsáid na dteangacha oifigiúla – Gaeilge agus Béarla – ar stáiseanóireacht agus comharthaíocht na gcomhlachtaí poiblí a thagann faoi scáth na reachtaíochta, agus sonraítear an méid seo a leanas i gcás stáiseanóireacht agus comharthaíocht dhátheangach:

- *Beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús.*
- *Beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla.*
- *Ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla.*
- *Maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl.*
- *Ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.*

Ceadaítear díolúine áirithe sna rialacháin agus bhí cuid acu sin ábhartha don imscrúdú seo. Ní cheanglaítear ar chomhlachtaí poiblí aistriúchán a dhéanamh ó theanga oifigiúil amháin go teanga oifigiúil eile i gcás na nithe seo a leanas–

- (i) ainm duine
- (ii) lógó
- (iii) ainm branda, nó

(iv) ainm comhlachta (seachas comhlacht poiblí)

Mhaígh Ollscoil Luimnigh gur díolúine ghinearálta atá i Rialachán 9(1)(b)(ii) maidir le lógó. Bheadh de thoradh ar an tuiscint sin go bhféadfadh comhlacht poiblí ar bith éalú ón bhfeidhm is cuspóir don fhoráil i bhfo-alt 7(2) de na Rialacháin ach ainm an chomhlachta phoiblí a fhógairt mar lógó i mBéarla amháin, cuirim i gcás, nó an t-ainm i mBéarla a bheith ar dtús ann agus an téacs i nGaeilge sa dara háit nó i litreacha níos lú, etc. Faoin léirmhíniú sin, bheadh d'éifeacht leis an bhforáil i bhfo-alt 9(1)(b)(ii) an éifeacht atá le bheith le fo-alt 7(2) de na rialacháin chéanna a chealú ionas go bhféadfadh gnéithe lárnacha de stáiseanóireacht agus de chomharthaíocht chomhlachtaí poiblí na tíre a bheith i mBéarla amháin fad is go rabhthas ag maíomh gur *“lógónna”* a bhí iontu.

I bhfocail eile, seachas *“úsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát”* agus chun *“socrú a dhéanamh maidir le dhá theanga oifigiúla an Stáit a úsáid ... le linn obair comhlachtaí poiblí a dhéanamh”*, mar atá mar aidhm ag an Acht, bheadh treisiú á dhéanamh sna Rialacháin seo ar cheart comhlachtaí poiblí an Béarla amháin a roghnú chun na gcríoch seo nó, ar a laghad, an Ghaeilge a fhágáil in áit na leathphingine sna cúrsaí seo. B'ionann sin agus a rá gur cuireadh an díolúine isteach ar mhaithe leis an bhforáil i bhfo-alt 7(2) de na Rialacháin a chealú ó thaobh feidhme agus éifeachta de. Toradh áiféiseach a bheadh ina leithéid agus ní féidir géilleadh gurbh é sin ba chuspóir don Aire a thug na Rialacháin faoina láimh.

Anuas air sin, ba léir don imscrúdú gur cinneadh eisceacht nó díolúine a thabhairt i gcás gach cineál eile comhlachta ach amháin comhlachtaí poiblí. Tá an díolúine sin daingnithe i bhfo-alt 9(1)(b)(iv) de na rialacháin nuair a cheadaítear díolúine ón dualgas reachtúil teanga i gcás *“ainm comhlachta (seachas comhlacht poiblí)”*.

Chonacthas don imscrúdú gur mar thrádmharc, seachas mar lógó, a bhí lógó agus ainm iomlán Ollscoil Luimnigh i mBéarla agus i nGaeilge cláraithe, ach nár chinntigh an gníomh sin díolúine ó na rialacháin reachtúla teanga nuair nach bhforáiltear sna Rialacháin do dhíolúine i gcás trádmharcanna agus go ndeimhnítear sna Rialacháin freisin nach ann d'aon díolúine ó na dualgais reachtúla teanga i gcás ainm comhlachta phoiblí.

Maidir le ceanteideal stáiseanóireachta Ollscoil Luimnigh, fad is a bhain sé le hainm an chomhlachta phoiblí féin, ba léir nach raibh an téacs i nGaeilge ann ar dtús, nach raibh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe ná chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla, agus go raibh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla. Dá thoradh sin, fuarthas mar fhionnachtain ar an imscrúdú nach raibh na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-alt 7(2) de na Rialacháin in I.R. 391 de 2008 á gcomhlíonadh go cuí ag Ollscoil Luimnigh.

I ngeall ar staid reatha an gheilleagair, mhol an t-imscrúdú d'Ollscoil Luimnigh an stoc reatha stáiseanóireachta a bhí ina seilbh a úsáid ar fad ar dtús agus na leasuithe cuí maidir le tús áite a thabhairt don leagan Gaeilge d'ainm an chomhlachta phoiblí, etc, a chur i bhfeidhm in aon stoc nua.

**Imscrúdú seolta: an 7 Nollaig, 2011**

**Tuarascáil eisithe: an 31 Iúil, 2012**

## **An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil**

Léirigh imscrúdú gur sháraigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, fad is a bhain sé le gealltanais dá scéim reachtúil teanga, i bhfoilsíú trí Bhéarla amháin a dhéanamh ar an gcáipéis *Reform of the water sector in Ireland*, tráth nach raibh leagan Gaeilge ar fáil go comhuaineach. Chinn an t-imscrúdú, áfach, nach raibh aon sárú ar fho-alt 10(a) den Acht sa chás áirithe seo.

Bhí argóint déanta ag an ngearánach gur doiciméad a bhí ann ina leagtar amach tograí beartais phoiblí.

Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí faoi fho-alt 10(a) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla aon doiciméad ina leagtar amach tograí beartais phoiblí a fhoilsíú go comhuaineach i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. Anuas air sin, tá dualgas ar leith ar an Roinn Comhshaoil faoina scéim teanga i dtaca le soláthar leaganacha Gaeilge d’fhoilseacháin lárnacha.

Ba é seasamh na Roinne nach ndearna an páipéar ach eolas cúlra ar an earnáil uisce a leagan amach agus nár leagadh tograí beartais phoiblí amach sa cháipéis ach go ndearna sé *“athrá ar na tograí a bhí aontaithe agus foilsithe cheana féin i gClár don Rialtas agus i gClár Tacaíochta Airgeadais d’Éireann leis an AE/IMF mar chuid den phróiseas leis an aidhm chun comhairle a thabhairt do cur i bhfeidhm na tograí beartais phoiblí sin.”*

Más fíor nach raibh “tograí beartais phoiblí” sa doiciméad seo, ba chosúil go raibh ar a laghad macalla ann gur doiciméad den chineál sin a bhí i gceist, agus má bhí amhras ann, gur cheart bua an amhras a thabhairt don dátheangachas, go háirithe nuair nach doiciméad fada a bhí i gceist a mbeadh moill nó costas rómhór lena aistriú.

Maidir leis an gceist i dtaca le foilseacháin lárnacha, tá dualgas ar an Roinn a leithéid a fhoilsíú i nGaeilge agus i mBéarla de thoradh ghealltanais na scéime. Ba dheacair a chreidiúint nach mórfoilseachán a bheadh i gceist i gcás doiciméad ina moltar leasú ó bhonn ar chóras uisce na tíre agus moltaí le córas méadarúcháin agus táillí uisce a thabhairt i bhfeidhm sa tír den chéad uair. Bhí na hargóintí nach “foilseachán lárnach” í seo ag teacht salach ar bhrí na bhfocal sna preasráitis a eisíodh mar thaca lena sheoladh.

Chinn an t-imscrúdú gur foilseachán lárnach de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil é *Reform of the water sector in Ireland*. Dá thoradh sin, bhí dualgas lena sholáthar i nGaeilge chomh maith le Béarla.

Ghlac an t-imscrúdú le maíomh *bona fide* na Roinne agus nach d’aon ghnó a sáraíodh an fhoráil reachtúil sa chás seo. Ceist léirmhínte ar dhualgais teanga a bhí ann. Bhí comhairle le fáil ón Oifig seo go réamhghníomhach don Roinn i dtaca leis an ábhar seo ach í a lorg: níor lorgaíodh an chomhairle sin.

Ó tharla, áfach, go raibh deireadh leis an bpróiseas comhairliúcháin faoin am ar tugadh an t-imscrúdú chun críche, chinn an t-imscrúdú nach mbeadh aon bhuntáiste ann d’aon duine ag an bpointe ama sin a mholadh don Roinn leagan Gaeilge den doiciméad a chur ar fáil ansin.

**Imscrúdú seolta: an 23 Feabhra, 2012**

**Tuarascáil eisiithe: an 2 Aibreán, 2012**

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Léirigh imscrúdú gur sháraigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le cumarsáid a fhreagairt sa teanga oifigiúil chéanna ina bhfuarthas í agus í i mbun cumarsáide le gearánach den cheathrú huair as a chéile i gcás iarratas ar chárta leighis.

Rinne duine gearán le hOifig an Choimisinéara Teanga i mí Feabhra, 2012 gur eisigh FSS litir i mBéarla chuige mar fhreagra ar iarratas i nGaeilge chuig Roinn Cláráithe na gCliant. Rinneadh seo d'ainneoin gealltanais a bheith tugtha ag FSS don Oifig de thoradh gearán eile ón gcliant céanna, go raibh córas curtha i bhfeidhm a chinnteodh nach dtarlódh a leithéid arís.

Tharraing an Oifig an cheist anuas leis an bhFeidhmeannacht i mí na Samhna, 2011 tar éis don ghearánach a chur in iúl go raibh freagra i mBéarla faighte aige faoi dhó ón bhFeidhmeannacht, ainneoin a ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a bheith meabhraithe aige dóibh tar éis an chéad fhreagra, agus iarratas i scríbhinn a bheith déanta aige ar chomhfhreagras i nGaeilge.

Tar éis roinnt cur agus cúiteamh, eisíodh leagan Gaeilge den chomhfhreagras chuig an ngearánach, glacadh leithscéal, agus tugadh le fios go ndéanfaí gach iarracht aon sárú eile ar an bhforáil reachtúil a sheachaint.

Ar an 21 Nollaig, eisíodh litir i mBéarla arís chuig an ngearánach. Tarraingíodh an cheist anuas athuair leis an bhFeidhmeannacht agus cuireadh in iúl ar an 6 Eanáir go raibh an cás scrúdaithe athuair agus go raibh socruithe curtha i bhfeidhm le cinntiú nach n-eiseofaí comhfhreagras sa chás i mBéarla arís. Ach seoladh ríomhphost i mBéarla arís chuig an ngearánach ar an 23 Feabhra mar fhreagra ar ríomhphost i nGaeilge dá chuid.

Léirigh an freagra seo ón bhFeidhmeannacht a dearcadh faoinar tharla sa chás seo: *“Tharla na fadhbanna seo mar thoradh ar thionscadal mór náisiúnta chun tabhairt faoi chártaí leighis a phróiseáil go lárnach, agus an méid oibre breise a d'éirigh as seo chomh maith céanna le haistriú na foirne nua sa chéad seacht mí le linn na tréimhse próiseála. Le linn na céime tosaigh den tionscadal a sheachadadh ba é an príomh sprioc a bhí againn ná freastal ar an riachtanas ard seirbhíse nach bhfacthas riamh roimhe a bhí ann agus níor éirigh chomh maith agus ba mhaith linn i ndáil lenár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Táimid tar éis aghaidh a thabhairt ar na lochtanna seo sa ghearrthéarma de réir mar atá leagtha amach thuas, agus beidh ár n-athbhreithniú foirmiúil ar na próisis atá ann faoi láthair in ann aghaidh a thabhairt orthu go meántéarmach agus níos fadtéarmaí amach anseo.”*

Ghlac an Fheidhmeannacht leis gur sháraigh sí an dualgas reachtúil faoi fho-alt 9(2) den Acht agus ghlac sí leithscéal as aon sárú maidir leis na dualgais a bhaineann leis an reachtaíocht sin.

Chonacthas don imscrúdú ón gcás a bhí curtha ina láthair ag an bhFeidhmeannacht nár oibrigh an córas a bhí in ainm is a bheith i bhfeidhm le plé le comhfhreagras i nGaeilge de bharr easpa eolais i measc na foirne. Ba léir gur ghá cúram ar leith a dhéanamh le cinntiú gur i nGaeilge a d'fhreagrófaí iarratais sa teanga sin.

**Imscrúdú seolta: an 6 Márta, 2012**

## Comhairle Contae Chill Dara

Léirigh imscrúdú gur sháraigh Comhairle Contae Chill Dara an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla agus í i mbun cumarsáide le c. 26,000 duine i gCill Dara i dtaca leis an Muirear Teaghlaigh.

Rinneadh gearán leis an Oifig gur scríobh Comhairle Contae Chill Dara i mBéarla amháin i mí Dheireadh Fómhair, 2012 chuig daoine ar fud an chontae, le faisnéis a roinnt leo faoin Muirear Teaghlaigh. Bhí an gearánach den bharúil gur cheart go mbeadh leagan Gaeilge nó leagan dátheangach de litir na Comhairle seolta chuige de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Leagann fo-alt 9(3) den Acht dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a dhéanfar aon chumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne, más chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme atá an chumarsáid sin:

*“I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.”*

Rinne an Oifig iarracht an cás seo a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil leis an gComhairle Contae, ach níor éirigh leis an iarracht sin.

Níor ghlac an Chomhairle leis gur sárú ar fho-alt 9(3) den Acht a bhí sa ghníomh a bhí déanta aici. Deimhníodh gur seoladh litreacha i mBéarla amach ach mhaígh an Chomhairle nach cumarsáid a bhí i gceist a thiofadh faoi bhrí fho-alt 9(3) den Acht, mar nach raibh sé mar sprioc aici faisnéis a thabhairt agus nach leis an bpobal i gcoitinne ná le haicme den phobal i gcoitinne a bhí an chumarsáid. Dúradh gurbh é sprioc na cumarsáide ná fócaíocht an Mhuirir Teaghlaigh a lorg ó dhaoine ainmnithe ag seoltaí ar leith.

Chonacthas don imscrúdú go raibh sé mar aidhm shoiléir ag an gcumarsáid faisnéis a sholáthar agus gur tugadh faisnéis inti, *inter alia*, faoi mhéid na híocaíochta a bhí i gceist, na pionóis bhreise a bheadh i gceist mura n-íocfaí an tsuim sin, faoin reachtaíocht ba bhonn leis an Muirear Teaghlaigh, faoi thúsdháta feidhmithe na forála sin, faoi úsáid seoltaí, faoi chearta ar dhíolúine ón muirear agus na céimeanna ba cheart a thógáil leis an díolúine sin a éileamh. Tugadh breis faisnéise faoi shonraí teagmhála leis an muirear a íoc nó le tuilleadh eolais a fháil. Chinn an t-imscrúdú gur “faisnéis” a bhí á soláthar sa chumarsáid seo chun críche fho-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, faoi na rialacha forléirithe atá aitheanta sa dlí. Ba chinnte go raibh sé i gceist ag an gComhairle daoine a spreagadh leis an Muirear Teaghlaigh a íoc, agus dá réir sin ba é a bhí sa chumarsáid i scríbhinn ná faisnéis ghinearálta i leith an ábhair seo.

Mhaígh an Chomhairle freisin nach raibh an chumarsáid seo á déanamh leis an bpobal i gcoitinne ná le haicme den phobal i gcoitinne, ach gur litreacha aonair chuig daoine ag seoltaí faoi leith a bhí i gceist.

Chinn an t-imscrúdú go raibh an Chomhairle mar chomhlacht poiblí i mbun cumarsáide sa chás seo le haicme den phobal i gcoitinne mar gur eisíodh 26,000 litir nó mír chumarsáide ón gComhairle Contae agus an bhunteachtaireacht nó an buntéacs ceannann céanna i ngach litir acu seo, agus síniú clóite ar na litreacha. Lasmuigh d’ainm agus seoladh, ní raibh aon sonraí pearsanta in aon cheann de na 26,000 litir a dhéanfadh idirdhealú ar leith idir na litreacha “aonair” sin, mar shampla méid ar leith a bhí le hóc i gcás an duine sin, nó eile. B’fhaisnéis choitianta í a bhí comónta i ngach litir faoin muirear, pionóis, díolúine, bealaí íoctha agus eile. Níor ghlac an t-imscrúdú leis gur leor ainm agus seoladh faoi leith a bheith ar gach litir le “litir phearsanta” a dhéanamh de chor poist.

Chinn an t-imscrúdú gurb é cuspóir na cumarsáide faisnéis a thabhairt d’aicme den phobal i gcoitinne faoi ghné den phróiseas a bhain leis an Muirear Teaghlaigh, agus rinneadh sraith moltaí le géilliúlacht a chinntiú do na dualgais reachtúla teanga atá daingnithe sa réimse seo, i bhfo-alt 9(3) den Acht.

**Imscrúdú seolta: an 8 Samhain, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 21 Nollaig, 2012**

## **Comhairle Contae na Gaillimhe**

Rinneadh cinneadh scor d’imscrúdú nuair a cuireadh grianghraif ar fáil lenar dearbhaíodh go raibh obair cheartúcháin déanta ar chomharthaí tráchta ag Comhairle Contae na Gaillimhe – comharthaí nach raibh ag teacht leis na dualgais reachtúla teanga.

D’eascair an t-imscrúdú as gearán go raibh an leagan neamhoifigiúil Béarla de logainm Gaeltachta in úsáid ar chomharthaí bóthair áirithe de chuid na Comhairle. Theip ar iarrachtaí Oifig an Choimisinéara Teanga réiteach a fháil ar an ngearán leis an gComhairle tríd an bpróiseas neamhfhoirmiúil réitithe gearán, agus b’éigean tabhairt faoi imscrúdú foirmiúil.

Tá an dualgas reachtúil i dtaca leis an leagan Gaeilge amháin de logainmneacha Gaeltachta a úsáid ar chomharthaí bóthair daingnithe i bhfo-alt 33(2)(c) d’Acht na dTeangacha Oifigiúla, mar a ndearbhaítear nach mbeidh feidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla den logainm ón uair a dhéanfaidh an tAire dearbhú faoi alt 32 i leith logainm i limistéar Gaeltachta. Bhí a leithéid de dhearbhu déanta ag an Aire sa chás áirithe seo.

Ba chás leis an ngearánach go raibh an cheist seo pléite leis an gComhairle le linn na bliana 2010, gur ceartaíodh seanchomharthaí ag an am agus gur cuireadh an leagan oifigiúil Gaeilge den logainm Gaeltachta in úsáid. B’ábhar iontais dó, mar sin, a fheiceáil go raibh comharthaí úrnua breise curtha in airde agus iad ag teacht salach ar an dualgas reachtúil.

Thug an Chomhairle Contae dearbhú go raibh na comharthaí úrnua leasaithe, agus nuair a cuireadh grianghraif de na comharthaí ceartaithe ar fáil, scoireadh den imscrúdú mar nach raibh sárú ar dhualgas reachtúil teanga i gceist a thuilleadh.

**Imscrúdú seolta: an 22 Samhain, 2011**

**Imscrúdú scortha: an 15 Feabhra, 2012**



## Comhairle Contae Dhún na nGall

Léirigh imscrúdú gur sháraigh Comhairle Contae Dhún na nGall an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla agus í i mbun cumarsáide trí Bhéarla le c. 30,000 duine i nDún na nGall i dtaca leis an Muirear Teaghlaigh, agus gur sháraigh sí fo-alt 18(1) i dtaca le mír 4.10 dá scéim teanga reachtúil nuair a d'úsáid sí leaganacha Béarla de sheoltaí Gaeltachta agus í i mbun na cumarsáide sin.

Rinne daoine éagsúla den phobal gearáin le hOifig an Choimisinéara Teanga gur i mBéarla amháin a bhí an chumarsáid i scríbhinn a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall leo i litreacha dar dáta an 8 Deireadh Fómhair, 2012 maidir le híocaíocht an Mhuirir Teaghlaigh. Bhí na gearánaigh den bharúil gur cheart go mbeadh leagan Gaeilge nó dátheangach de litir na Comhairle seolta chucu de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Leagann fo-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh cumarsáid faisnéise i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne.

*“I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid.”*

Anuas air sin, thug roinnt de na gearánaigh le fios gur seoladh an chumarsáid seo chucu le leagan Béarla dá seoladh, cé go bhfuil cónaí orthu i gceantar Gaeltachta. Tá foráil i scéim teanga reachtúil na Comhairle lena leagtar dualgais ar an eagraíocht i dtaca le húsáid logainmneacha Gaeltachta.

Is mar seo a leanas atá an fhoráil sin:

*“4.10 Logainmneacha (Scéim 2010) Sa bhreis ar na riachtanais reachtúla faoin Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004, leanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall de bheith ag cur chun cinn úsáid na leaganacha Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta thar réimsí oibre agus gníomhaíochtaí nach bhfuil leagtha síos go sonrath san Ordú (ms bunachair shonraí, post, srl)*

*Leanfaidh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall de bheith ag spreagadh na foirne le húsáid níos mó a bhaint as leaganacha Gaeilge de logainmneacha taobh amuigh den Ghaeltacht....”*

Foráiltear i bhfo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla go bhfuil dualgas ar chomhlacht poiblí na gealltanais atá daingnithe i scéim teanga a chur i gerích. Rinne an Oifig iarracht an cás seo a réiteach ar bhonn neamhfhoirmiúil leis an gComhairle Contae ach níor éirigh leis an iarracht sin réiteach cuí a aimsiú.

Níor ghlac an Chomhairle leis gur sárú ar fho-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla a bhí sa ghníomh a bhí déanta aici. Deimhníodh gur seoladh litreacha i mBéarla amach ach mhaígh an Chomhairle nach cumarsáid a bhí i gceist a thiocfadh faoi bhrí fho-alt 9(3) den Acht. Mar chúlra, thug an Chomhairle le fios gur scaipeadh post poiblíochta faoin Muirear Teaghlaigh ar

gach sealbhóir tí sa Chontae níos luaithe sa bhliain, agus gur eisíodh na bileoga seo chuig an bpobal i gcoitinne, i nGaeilge agus i mBéarla.

Thug an Chomhairle le fios gur faoin nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) a bhí sé taifeadadh a dhéanamh ar na híocaíochtaí a fuarthas i dtaca leis an Muirear Teaghlaigh agus iad a choinneáil ar bhunachar sonraí náisiúnta. Dúradh go raibh sé de chumhacht ag na húdaráis áitiúla, agus iad ag cur a gcuid dualgas i bhfeidhm faoin Acht, teacht a bheith acu ar thaifid a bhí á gcoinneáil ag comhlachtaí poiblí eile. Faoin bhforáil seo, chuir an tÚdarás Clárúcháin Maoine (ÚCM) bunachar sonraí de mhaoine cláraithe sa chontae ar fáil don GBRÁ a bhí ag feidhmiú thar ceann na n-údarás áitiúil.

Ag tagairt don chumarsáid a eisíodh ar an 8 Deireadh Fómhair, 2012, dúirt an Chomhairle gur chuig daoine ainmnithe ar leith a cuireadh an t-eolas, a bhain go sonrath le gach duine aonair, mar seo a leanas:

- Ainm agus seoladh de réir na dtaifead ón ÚCM;
- Beannú do dhuine ainmnithe;
- Seoladh na maoine cláraithe (tugtha laistigh de chéadpharagraf na litreach);
- Uimhir thagartha ar leith, uathúil a bhain leis an gcás sin.

Maidir leis an gcás go raibh fo-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla á shárú sa chás seo ag an gComhairle, d'áitigh an Chomhairle nach cumarsáidí "leis an bpobal i gcoitinne" ná "le haicme den phobal i gcoitinne" a bhí sna fógraí a eisíodh ach gur fógraí chuig sealbhóirí tí sonraithe a bhí i gceist, agus ar an mbonn sin, nach ndearnadh sárú ar fho-alt 9(3).

Maidir leis na seoltaí poist ar seoladh an chumarsáid chucu, dúradh go raibh na seoltaí a úsáideadh sna fógraí seo go díreach mar a bhí siad taifeadta ag an ÚCM agus go bhféadfaí iad seo a thaifeadadh i nGaeilge nó i mBéarla. Mhaígh siad nach raibh aon smacht ag an gComhairle ar an dóigh ar cláraíodh na maoine leis an ÚCM agus nach mbeadh sé praiticiúil 30,000 seoladh a aistriú ina gceann agus ina gceann. Mhaígh an Chomhairle, lena chois sin, go dtiocfadh taifid an ÚCM ar an gcéad dul síos ó úinéir cláraithe na maoine nó óna n-ionadaí dlíthiúil, agus mar sin go raibh an dóigh ar taifeadadh an t-ainm agus an seoladh, i nGaeilge nó i mBéarla, taobh amuigh de chúram Chomhairle Contae Dhún na nGall lena n-athrú. D'áitigh an Chomhairle, ar an mbonn sin, nár sáraíodh forálacha Scéim Teanga Údarás Áitiúla Dhún na nGall.

Chreid an t-imscrúdú go raibh sé mar aidhm shoiléir ag an gcumarsáid seo faisnéis a sholáthar mar gur thug sí faisnéis faoi mhéid na híocaíochta a bhí i gceist agus na pionóis bhreise a bheadh i gceist mura n-íocfaí an tsuim sin; faoin reachtaíocht ba bhonn leis an Muirear Teaghlaigh agus le tús dháta feidhmithe na forála sin; faoi úsáid seoltaí agus faoi na bealaí a raibh taifead déanta ar sheoltaí; faoi chearta ar dhíolúine ón muirear agus na céimeanna ba chearta a thógáil leis an díolúine sin a éileamh; agus faoi shonraí teagmhála leis an muirear a íoc nó tuilleadh eolais a fháil. Ba "faisnéis" a bhí á sholáthar sa chumarsáid seo chun críche fho-alt 9(3) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla faoi na rialacha forléirithe atá aitheanta sa dlí.

Mar sin, ó tharla gur cumarsáid faisnéise a bhí eisithe i scríbhinn sa phost ag comhlacht stáit faoi scáth an Achta, ba léir gur ghá go mbeadh sé i nGaeilge nó dátheangach fad is gur chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aicme den phobal i gcoitinne a eisíodh é. Ba ar an bpointe sin a bhí cás na Comhairle Contae bunaithe – mhaígh sí gur fógraí chuig sealbhóirí tí sonraithe a

bhí i gceist seachas litreacha chuig an bpobal i gcoitinne nó chuig aicme den phobal i gcoitinne.

Níor ghlac an t-imscrúdú leis gur leor ainm, uimhir thagartha agus seoltaí éagsúla a bheith ar gach litir le “*fógraí chuig sealbhóirí tí sonraithe*” a dhéanamh de chor poist sa chás gur eisíodh 30,000 litir nó mír chumarsáide ón gComhairle Contae agus an bhunteachtairacht nó an buntéacs ceannann céanna i ngach litir acu, agus síniú clóite ar na litreacha. Lasmuigh d’ainm, uimhir thagartha agus seoladh, ní raibh aon sonraí pearsanta in aon cheann de na 30,000 litir a dhéanfadh idirdhealú ar leith idir na litreacha “aonair” sin, mar shampla méid ar leith a bhí le díol go fóill i gcás an duine sin, nó eile. Is faisnéis choitianta a bhí comónta i ngach litir faoin muirear, pionóis, díolúine, bealaí íoctha agus eile. Ba mheicníocht seachadta a bhí san ainm, uimhir thagartha agus seoladh agus níor leor an difríocht sin le litir phearsanta a dhéanamh den bhunfhaisnéis chéanna a bhí á dáileadh ar 30,000 duine a raibh ceangal comónta eatarthu de réir shlata tomhais na Comhairle Contae – mar aicme den phobal i gcoitinne de dhaoine ar cheart faisnéis ar leith faoin Muirear Teaghlaigh a sheoladh chucu.

Maidir leis an ngealltanais a bhí tugtha ag an gComhairle Contae ina scéim teanga i dtaobh úsáid leaganacha Gaeilge de logainmneacha na Gaeltachta, níor ghéill an t-imscrúdú do sheasamh na Comhairle mar go raibh gealltanais na Comhairle sa scéim soiléir fad is a bhain sé le logainmneacha Gaeltachta i mbunachair sonraí agus i bpostas agus nach raibh sé coinníollach ar fhoinsé an eolais do na bunachair sonraí nó liostaí postais sin. Bhí ceangal dlíthiúil orthu an liosta sin a chur in oiriúint don ghealltanais reachtúil ina scéim teanga fad is a bhain sé le logainmneacha Gaeltachta.

Ní raibh aon amhras ar an imscrúdú ach gur sárú a bhí ann ar dhualgais reachtúla teanga na Comhairle Contae logainmneacha i mBéarla a úsáid faoi choinne seoltaí Gaeltachta.

B’ábhar iontais don imscrúdú nach raibh i seilbh na Comhairle ach cóipeanna de dhá ríomhphost inmheánacha a bhain leis an gcinneadh a rinneadh gan leagan Gaeilge den chumarsáid i dtaca leis an Muirear Teaghlaigh a eisiúint. Dhearbhaigh an Chomhairle nach raibh aon taifead scríofa breise ar fáil taobh amuigh den dá ríomhphost seo agus nárbh ann d’aon taifead ar aon phlé nó díospóireacht faoi na toisí teanga a bhain leis an gcás seo nó le ceist na teanga a mheá sa phróiseas.

I gcontae ina bhfuil limistéar mór Gaeltachta, is aisteach an rud é a laghad meá a rinneadh ag leibhéal feidhmeannais sa Chomhairle Contae maidir le húsáid na Gaeilge sna gnóthaí seo, go háirithe i gcás teagmháil a bheith á déanamh le haicme mhór (30,000 teaghlach) den phobal i gcoitinne agus líon suntasach acu sin sa Ghaeltacht.

Ábhar inmí don imscrúdú ba ea é a cheapadh go mbeadh cás na teanga chomh híseal sin ar an gclár oibre nach mbeadh de thaifead iomlán ag an gComhairle faoi chinneadh polasáí aonteach BÉarla a chur chun cinn sa ghnó áirithe seo ach dhá ríomhphost – a d’eascair as teagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Rinneadh sraith moltaí de thoradh an imscrúdaithe le cinntiú nach dtarlódh aon sárú feasta ar na dualgais reachtúla teanga a bhí i gceist anseo.

**Imscrúdú seolta: an 26 Deireadh Fómhair, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 28 Nollaig, 2012**

## **Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath**

Rinneadh cinneadh scor d'imscrúdú nuair a tugadh dearbhuithe ar leith a chinnteodh go mbeadh an dualgas teanga a bhí ina ábhar amhrais á chomhlíonadh go cuí ag Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath.

D'eascair an t-imscrúdú as iniúchadh a bhí ar bun ag Oifig an Choimisinéara Teanga mar chuid dá feidhm faireacháin ar chur i bhfeidhm scéim teanga an Choiste, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair, 2008. Tháinig sé chun solais le linn an phróisis iniúchta go raibh córas nua idirghníomhach rollúcháin don Oideachas Aosach agus cúrsaí IAT (PLC) curtha i bhfeidhm le linn thréimhse na scéime, agus nach raibh leagan Gaeilge curtha ar fáil, ainneoin gur gealladh sa scéim teanga go mbeadh. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga gach iarracht an cheist seo a réiteach leis an gCoiste le linn an phróisis iniúchta, ach níor éirigh leis na hiarrachtaí sin.

Tar éis don imscrúdú a bheith seolta, fuarthas litir ón gCoiste Gairmoideachais ag iarraidh go gcuirfí an t-imscrúdú ar scor mar go raibh sé i gceist ag an gCoiste comhoibriú go hiomlán leis. Cuireadh an t-imscrúdú ar leataobh ar feadh trí mhí le deis a thabhairt don Choiste beart a dhéanamh de réir briathair.

I bhfianaise na litreach a cuireadh ar fáil don imscrúdú agus na tuairisce a cuireadh ar fáil in éineacht léi i mí Dheireadh Fómhair, inar dearbhaíodh go raibh an leagan Gaeilge den tseirbhís idirghníomhach ar fáil, rinneadh cinneadh an t-imscrúdú a scor.

**Imscrúdú seolta: an 10 Bealtaine, 2012**

**Imscrúdú scortha: an 14 Samhain, 2012**

## **Banc Ceannais na hÉireann**

Léirigh imscrúdú gur sháraigh Banc Ceannais na hÉireann an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe in alt 9 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla agus é i mbun cumarsáide leis an ngearánach ainmnithe den tríú huair as a chéile i gcás iarratas a rinneadh ar bhoinn chomórtha a cheannach.

Rinne duine gearán leis an Oifig i mí Dheireadh Fómhair, 2012 gur eisigh Banc Ceannais na hÉireann freagra i mBéarla arís chuige mar fhreagra ar iarratas i nGaeilge ar bhoinn chomórtha a cheannach. Rinneadh seo d'ainneoin gealltanais i scríbhinn a bheith tugtha ag an mBanc d'Oifig an Choimisinéara Teanga de thoradh gearáin eile ón gcliánt céanna go raibh córas curtha i bhfeidhm a chinnteodh nach dtarlódh a leithéid arís. Rinneadh gearán chomh maith nach raibh ceannteideal stáiseanóireachta an Bhainc ag teacht leis na Rialacháin i leith stáiseanóireachta faoi fho-alt 9(1) den Acht.

Seo a leanas mar atá fo-alt 9(2) den Acht:

*“I gcás ina ndéanfaidh duine cumarsáid i dteanga oifigiúil le comhlacht poiblí, i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach, freagróidh an comhlacht poiblí sa teanga chéanna.”*

Sa fhreagra ó Bhanc Ceannais na hÉireann, ghlac an Banc leis gur sháraigh sé fo-alt 9(2) sa chás seo.

Mar chúlra, thug an Banc le fios nach mbíonn, go hiondúil, ach tuairim is 10,000 foireann bonn i gceist gach uair a eisítear boinn inbhailithe. I gcás bhoinn chomórtha Mhichíl Uí Choileáin, áfach, eisíodh tuairim is 26,000 foireann bonn agus ceannaíodh a bhformhór sin laistigh de cheithre seachtaine. Chuir an Banc in iúl nár leor acmhainní Aonad na mBonn Inbhailithe chun déileáil le líon na n-iarratas a bhí ag teacht isteach agus gur méadaíodh líon na foirne ar bhonn sealadach trí chomhaltaí foirne a aistriú ó aonaid eile chun dul i ngleic leis an éileamh.

Mhínigh an Banc nach raibh ar chumas an chórais uathoibríoch atá i bhfeidhm idirdhealú a dhéanamh idir iarratais i nGaeilge agus i mBéarla agus go raibh nós imeachta i bhfeidhm ó 2010 chun orduithe i nGaeilge a phróiseáil, mar aon le cainteoirí Gaeilge a bheith ar fáil chun déileáil le horduithe a fhaightear ar an teileafón.

Aistríodh suas le 15 chomhalta foirne ó aonaid eile den Lárionad Airgeadra chuig Aonad na mBonn Inbhailithe chun cuidiú le próiseáil, pacáistiú agus seachadadh na mbonn a ordaíodh. Cuireadh fógraí in airde i spás oibre Aonad na mBonn Inbhailithe chun dualgais na gcomhaltaí foirne i dtaca le horduithe Gaeilge a mheabhrú dóibh agus le cinntiú go bhfreagrófaí cumarsáid i nGaeilge i scríbhinn sa teanga chéanna sin.

Dúirt an Banc go ndearnadh botún i gcás an ghearánaigh in ainneoin na mbearta a glacadh i ndáil le horduithe Gaeilge, agus gurb é ba *“chionsiocair leis an mbotún seo, an mórdhúshlán riaracháin a bhí ann d’Aonad na mBonn Inbhailithe chun orduithe a phróiseáil agus a sheachadadh ar mhodh tráthúil, éifeachtach, faoi leibhéil éilimh gan fasach.”*

Léirigh an Banc go raibh bearta glactha aige chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a tháinig chun cinn sa chás seo.

Maidir leis an mbileog dhea-mhéine a eisíodh chuig an ngearánach, cuireadh in iúl go raibh bearta glactha ag an mBanc chun a chinntiú go raibh a stáiseanóireacht ag comhlíonadh na ndualgas reachtúil teanga, agus gur glacadh bearta breise de bhun an ghearáin seo. Dearbhaíodh go raibh duillín dea-mhéine an Bhainc dátheangach go hiomlán anois i gcomhréir le fo-alt 9(1). Dhearbhaigh an Banc gur chúis aiféala dó an gearán seo.

**Imscrúdú seolta: an 8 Samhain, 2012**

**Tuarascáil eisithe: an 21 Nollaig, 2012**

## **CÚRSAÍ AIRGEADAIS**

Cuireadh buiséad €650,000 ar fáil don Oifig don bhliain 2012 ach níor tarraingíodh anuas ach €606,784 den airgead sin.

Tá cuntais na hOifige don bhliain 2012 ullmhaithe don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh de réir fho-alt 8(2) den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

A luaithe agus is féidir tar éis an iniúchta, déanfaidh an Coimisinéir Teanga cóip de na cuntais sin, nó de cibé sleachta as na cuntais sin a shonróidh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir leis na cuntais, a chur i láthair an Aire.

Beidh cóipeanna de na doiciméid sin á leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais ag an Aire. Foilseofar freisin iad ar shuíomh gréasáin na hOifige seo.

### **Íocaíochtaí Prasa**

I gcomhréir le cinntí Rialtais a rinneadh ar an 2 agus an 8 Márta, 2011, leagadh dualgas ar eagraíochtaí stáit córais chuí a fheidhmiú ionas go n-íocfaí sonraisc bhailí laistigh de 15 lá ón dáta a fhaightear iad. Tá dualgas ar eagraíochtaí stáit chomh maith tuairisc ráithiúil maidir leis an ábhar seo a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin.

**Tuairisc ar Íocaíochtaí Prasa \* *Prompt Payments Report***

**Tréimhse Clúdaithe: an 1Eanáir – an 31 Nollaig 2012 \* Period Covered: 1 January 2012 – 31 December 2012**

<p style="text-align: center;"><b>Sonraí</b> <i>Details</i></p>	<p style="text-align: center;"><b>Uimhir</b> <i>Number</i></p>	<p style="text-align: center;"><b>Luach (€)</b> <i>Value (€)</i></p>	<p style="text-align: center;"><b>Céatadán (%) de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh</b> <i>Percentage (%) of total number of payments made</i></p>
<p><b>Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá</b> <i>Number of payments made within 15 days</i></p>	225	143,739	97%
<p><b>Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de thréimhse 16 lá agus 30 lá</b> <i>Number of payments made within 16 days to 30 days</i></p>	5	3,056	2%
<p><b>Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh sa bhreis ar 30 lá</b> <i>Number of payments made in excess of 30 day</i></p>	1	659	1%
<p><b>Líon na n-íocaíochtaí sa tréimhse</b> <i>Total payments made</i></p>	<b>231</b>	<b>147,454</b>	<b>100%</b>
<p><sup>1</sup><b>Sonraisc faoi dhíospóid</b> <sup>1</sup><i>Disputed Invoices</i></p>			<p style="text-align: center;"><b>Ní bhaineann</b> <i>N/A</i></p>

<sup>1</sup> Sonraisc a fuarthas i rith na tréimhse agus a bhí fós faoi dhíospóid ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

<sup>1</sup> Invoices received during the period and still under dispute at the end of the reporting period.

## **FUINNEAMH**

Tá an t-eolas seo a leanas á thabhairt i gcomhréir le forálacha I.R. 542 de 2009.

### **Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh sa bhliain 2012.**

Baineann iomlán an fhuinnimh le leictreachas a úsáideann Oifig an Choimisinéara Teanga i bhfoirgneamh na hOifige sa Spidéal, Co. na Gaillimhe. Cuimsíonn sé sin an fuinneamh a úsáidtear i gcomhair théamh agus aerú an fhoirgnimh, téamh uisce, soilse agus trealamh oifige.

Sa bhliain 2012, d'úsáid Oifig an Choimisinéara Teanga 61.11 MWh leictreachais. Bíodh is gurb ionann sin agus méadú 6.8% ar úsáid na bliana 2011, (57.23 MWh), is lú go mór í fós ná úsáid na bliana 2010 (73.29 MWh.).

Baineann formhór na difríochta san úsáid fuinnimh idir an dá bhliain leis an bpríomhchóras teasa agus aeraithe. Deisíodh an córas seo sa bhliain 2011 agus ba í 2012 an chéad bhliain iomlán dá úsáid.

### **Gníomhartha a rinneadh in 2012**

Leanadh de na beartais a bunaíodh cheana: féachtar chuige go múchtar fearais oifige nuair nach mbíonn gá leo agus deimhnítear ag deireadh an lae oibre go bhfuil gach fearas múchta don oíche agus nuair nach mbítear san oifig. Sa bhliain 2012, cuireadh úsáid fuinnimh san áireamh mar critéar nuair a bhí trealamh leictreonach á roghnú don oifig nó tairiscintí ar threalamh á meas.

### **Gníomhartha atá beartaithe do 2013**

Leanfar de na beartais sábhála fuinnimh atá tionscanta cheana féin agus déanfar monatóireacht rialta ar úsáid leictreachais i gcaitheamh na bliana 2013, go mór mhór i dtaca leis an gcóras teasa agus aeraithe d'fhonn an úsáid fuinnimh a bhaineann leis a laghdú.



## FOIREANN AGUS SONRAÍ TEAGMHÁLA/STAFF AND CONTACT DETAILS

### FOIREANN/STAFF

An Coimisinéir Teanga	Seán Ó Cuirreáin
Stiúrthóir / Director	folúntas/vacancy
Bainisteoir Cumarsáide / Communications Manager	Damhnait Uí Mhaoldúin
Bainisteoir Imscrúduithe / Investigations Manager	Órla de Búrca
Bainisteoir Géilliúlachta / Compliance Manager	Colm Ó Coisdealbha
Riarthóir Oifige / Office Administrator	Éamonn Ó Bróithe
Oifigeach Feidhmiúcháin / Executive Officer	folúntas/vacancy
Oifigeach Cléireachais / Clerical Officer	Deirdre Nic Dhonncha
Oifigeach Cléireachais / Clerical Officer	folúntas/vacancy

### SONRAÍ TEAGMHÁLA /CONTACT DETAILS

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig tríd an bpost, ar facs, le ríomhphost nó ar an teileafón ar chostas glao áitiúil, mar seo a leanas:

This Office may be contacted by post, fax, email or telephone, at the cost of a local call, as follows:

POST / POST: An Coimisinéir Teanga, An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire

FÓN / PHONE: 091-504 006

GLAO ÁITIÚIL / LO-CALL: 1890-504 006

FACS / FAX: 091-504 036

RÍOMHPOST / EMAIL: [eolas@coimisineir.ie](mailto:eolas@coimisineir.ie)

SUÍOMH GRÉASÁIN / WEBSITE: [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie)

Is é an leagan Gaeilge buntéacs na Tuarascála seo.

The Irish language version is the original text of this Report.